# An Bosca Leabharlainne

## Bímis ag léamh


the arts council
an chomhairle ealaíon
cistiú litríocht

Foras na Gaeilge

Laureate na nÓg

leabhair pháistí éireann
ag cothú léitheoirí

**Príomheagarthóir:** Jenny Murray
**Scríbhneoirí:** Claire M. Dunne agus Áine Ní Ghlinn
**Dearthóir:** www.fintanwall.com

## EOLAS FAOIN TIONSCADAL

Is é An Bosca Leabharlainne príomhthogra Áine Ní Ghlinn dá téarma trí bliana mar Laureate na nÓg. Baineann an togra seo le príomhaidhm Áine maidir le daoine óga a spreagadh chun taitneamh agus pléisiúr a bhaint as leabhair Ghaeilge a léamh. I gcomhar le Foras na Gaeilge agus An Chomhairle Ealaíon, déanfaidh Laureate na nÓg Bosca Leabharlainne ina mbeidh leabhair Ghaeilge d'ardchaighdeán a bhronnadh ar scoileanna ar fud na hÉireann.

**#AnBoscaLeabharlainne**

## EOLAS FAOI LAUREATE NA nÓG:

Tionscnamh de chuid na Comhairle Ealaíon is ea Laureate na nÓg. Is é Leabhair Pháistí Éireann a dhéanann an tionscnamh a bhainistiú agus a sheachadadh ar son na Comhairle Ealaíon agus tá tacaíocht aige ó Chomhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann agus ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Trí onóir a thabhairt d'ealaíontóir a bhfuil bua na ceirde aige/aici mar aon le tiomantas iontach, déanann Laureate na nÓg litríocht do leanaí agus do dhaoine óga a chur chun cinn agus a cheiliúradh. Fágann sin gur spreagadh mór atá sa Laureate do scríbhneoirí, do mhaisitheoirí agus do léitheoirí óga.

**childrenslaureate.ie** | **info@childrenslaureate.ie**

childrenslaureateireland   laureatenanog   laureatenanog

## EOLAS FAOI LEABHAIR PHÁISTÍ ÉIREANN

Is é Leabhair Pháistí Éireann an eagraíocht náisiúnta charthanachta agus ealaíon a throideann ar son ceart gach páiste chun grá a fhorbairt don léitheoireacht. Trínár n-iliomad gníomhaíochtaí agus imeachtaí, is aidhm linn daoine óga a chur ag léamh, tuiscint níos fearr a chothú ar a thábhachtaí atá leabhair do dhaoine óga agus a bheith mar chroí-acmhainn dóibh siúd a bhfuil suim acu i leabhair do pháistí in Éirinn.

**childrensbooksireland.ie**

childrensbooksireland   kidsbooksirel   KidsBooksIrel

childrens-books-ireland   Children's Books Ireland

## BUÍOCHAS LE:

Foireann agus daltaí Scoil Naithí, Baile Átha Cliath agus Julien Behal; Máire Ní Choileaín, Patricia Forde, chomh maith le foireann agus daltaí Scoil Chroí Íosa, Gaillimh; Sandra Roe, Deirdre Fullerton agus An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige; Bunscoil Bheanna Boirche, Co. an Dúin; Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc, Ceatharlach; Scoil Mhic Dara, Gaillimh; St Mary's Primary School, Baile Átha Cliath 7; St Ursula's Primary School, Port Láirge; Bunscoil an tSléibhe Dhuibh, Béal Feirste; North Bay ETNS, Baile Átha Cliath; St Brendan's Primary School, Beanntraí, Co Chorcaí; Scoil na mBuachaillí, Cloich na Coillte, Co Chorcaí; Gaelscoil Choláiste Mhuire, Baile Átha Cliath; Snasta Teoranta; Shanna Ní Rabhartaigh; An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta; Conor Hackett; Gill Distribution; ÁIS; An Gúm, Foras na Gaeilge; An tSnatháid Mhór; Cló Iar-Chonnacht; Cló Mhaigh Eo; Coiscéim; Cois Life; Eabhlóid; Futa Fata; Leabhar Breac agus The O'Brien Press.

An Bosca Leabhlaine urraithe ag
an gComhairle Ealaíon agus Foras na Gaeilge



An Bosca Leabharlainne


oneills
AIG
ÁTH CLIATH
An Bosca
Leabharlainne

# Réamhrá

Tá a fhios againn go léir go n-osclaíonn an léitheoireacht samhlaíocht an pháiste. Osclaíonn leabhar doras isteach i saol eile, saol draíochta inar féidir leat a bheith i do thaiscéalaí, i do bhleachtaire nó pé rud atá uait.

An aidhm a bhí agamsa nuair a smaoinigh mé ar dtús ar Bhosca Leabharlainne a chur ar fáil do scoileanna ar fud na tíre ná go mbeadh deis ag daltaí bunscoile spraoi agus pléisiúr a bhaint as léitheoireacht na Gaeilge, go n-osclófaí doras sin na samhlaíochta sa Ghaeilge agus go bhfeicfeadh páistí an réimse iontach de leabhair Ghaeilge atá ar fáil faoi láthair idir phictiúrleabhair, scéalta agus úrscéalta de gach sórt agus do gach aois.

Go rómhinic ceanglaíonn léitheoirí óga leabhair Ghaeilge le léirmheas a scríobh nó obair bhaile a dhéanamh.

Nuair a bhí duine de mo pháistí féin sa bhunscoil, bhíodh an-chuid leabhar á léamh aige. Go tobann, áfach, thosaigh sé ag gearradh siar ar an méid leabhar a bhí á léamh aige. Nuair a d'fhiafraigh mé de cén fáth, mhínigh sé go mbeadh níos lú obair bhaile le déanamh aige dá léifeadh sé níos lú leabhar. *Níos lú leabhar = Níos lú léirmheasanna*.

An bhliain dar gcionn rinne an páiste céanna i bhfad níos mó léitheoireachta arís mar go raibh bosca leabhar fágtha i lár an tseomra agus dá mbeadh sé críochnaithe go luath nó díomhaoin ar chúis ar bith, bhí cead aige leabhar a roghnú agus tosú á léamh. Ní raibh aon léirmheas le déanamh. Ní raibh aon obair bhaile i gceist. Bhí deis ag an rang pléisiúr a bhaint as bheith ag léamh.

Agus an Bosca Leabharlainne seo in úsáid sa scoil ba mhaith liom go mbeadh an bhéim ar an bpléisiúr seo. Chuige sin, tá go leor leor cluichí agus gníomhaíochtaí sa leabhrán seo. B'fhéidir go bhfuil cuid acu seo in úsáid ag múinteoirí cheana féin ach tá súil agam go bhfaighidh sibh cúpla smaoineamh nua anseo.

In ionad léirmheas a scríobh, mar shampla, cad faoi leabharmharc a chruthú, spás a chruthú ar chúl le haghaidh liosta de na scéalta atá léite agus réaltaí a bhronnadh ar na leabhair is fearr. Spraoi seachas obair!



In an-chuid scoileanna bíonn am *Drop Everything and Read* ann chun an léitheoireacht a chur chun cinn mar chaitheamh aimsire. I roinnt scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta tugtar *Leag Uait agus Léigh* ar an am léitheoireachta seo. Céard faoi am ar leith a roghnú le go leagfadh na daltaí gach rud uathu agus go gcaithfidís tamall (uair sa lá nó uair sa tseachtain) ag léamh nó ag féachaint ar na pictiúir nó ag imirt cluiche éigin bunaithe ar an mBosca Leabharlainne?

Chomh maith le gníomhaíochtaí spraíúla a bhaineann leis an am léitheoireachta, tá smaointe sa leabhrán seo maidir le bealaí leis an mBosca Leabharlainne a úsáid agus a cheangal le hábhair eile.

Tar éis do pháistí nó don mhúinteoir seanscéal nó síscéal a léamh, d'fhéadfadh na páistí seanscéalta eile a chuardach ar dúchas.ie (an suíomh atá bunaithe ar na scéalta a bhailigh daltaí scoile ó ghaolta agus ó chomharsana fadó). D'fhéadfaí iad seo a léamh agus a insint sa rang.

Ní raibh sé éasca fiche cúig leabhar a roghnú. Dá bhféadfainn 50 leabhar a roghnú, bheadh leabhair iontacha fágtha ar lár fós. Mar sin, mholfainn do scoileanna cur leis an mBosca Leabharlainne seo ó am go chéile. Mholfainn daoibh féachaint ar na suíomhanna idirlín a bhaineann leis na foilsitheoirí Gaeilge éagsúla agus leabhar nó dhó eile a cheannach ó am go chéile.

Tá a fhios againn go léir go mbíonn sé deacair uaireanta páistí a mhealladh chun an táibléad nó an fón póca a leagan uathu agus leabhar a oscailt. Níos deacra fós iad a mhealladh chun leabhar Gaeilge a léamh. Más féidir linn bronntanas na léitheoireachta Gaeilge a bhronnadh ar pháistí bunscoile is bronntanas é a mhairfidh go deo. Níl sa Bhosca Leabharlainne seo ach tús. Ach ar ndóigh, *tús maith leath na hoibre*.

Tá súil agam go mbainfidh sibh go léir sult agus spraoi as an mBosca Leabharlainne seo.

Mo mhíle buíochas le Leabhair Pháistí Éireann, le Foras na Gaeilge agus leis an gComhairle Ealaíon as a gcuid tacaíochta agus a gcuid oibre ar fad.

**Áine Ní Ghlinn**

**Laureate na nÓg, 2020–2023**

# Clár


## LCH. 8
## Rannóg 1: Réidh le Léamh

Baineann an rannóg seo le háit chompordach a shocrú don léitheoireacht ar féidir le páistí filleadh uirthi arís is arís eile chun seal a chaitheamh go sona sásta ag léamh.

## LCH. 14
## Rannóg 2: Bímis ag Léamh le Chéile

Baineann an rannóg seo le gníomhaíochtaí spraíúla léitheoireachta leis an rang ar fad ar dtús, agus ansin i ngrúpaí beaga.

## LCH. 20
## Rannóg 3: Bímis ag Spraoi le Focail

Tugtar deis do pháistí sa rannóg seo spraoi agus taitneamh a bhaint as na focail agus frásaí a dtagann siad orthu le linn an scéil, agus taifead a choinneáil d'fhocail shuimiúla nua.

## LCH. 22
## Rannóg 4: Ag Cur Aithne ar Charachtair

Sa rannóg seo, tá gníomhaíochtaí a bhaineann le hiniúchadh spraíúil a dhéanamh ar thréithe na gcarachtar éagsúil sa scéal.

## LCH. 25
## Rannóg 5: Tarraingíonn Scéal Scéal Eile

Sa rannóg seo, tá deiseanna ag páistí na scéalta a léigh siad a úsáid mar bhunús dá gcumadóireacht chruthaitheach féin.

## LCH. 29
## Rannóg 6: Léigh Leat le Linn an Lae

Sa rannóg seo, tá gníomhaíochtaí a bhaineann leis na scéalta sa Bhosca Leabharlainne a chomhtháthú le hábhair agus le tionscadail eile trasna an churaclaim.

## LCH. 33
## Achoimrí agus Aois Léitheoireachta




An Bosca Leabharlainne

# Rannóg 1: Réidh le Léamh

Sula leagann tú lámh ar aon leabhar, sula n-osclaíonn tú an chéad leathanach agus sula bhfaigheann tú boladh an leabhair, an bhfuil tú réidh le léamh?

## Áit Speisialta Léitheoireachta

Cruthaigh áit speisialta sa rang nó sa halla do na léitheoirí óga. Bailigh cúisíní nó málaí pónairí ar féidir suí nó luí orthu (agus luí isteach ar leabhar a léamh!). Tá an bhéim ar an léitheoireacht don phléisiúr agus ní mar obair bhaile, mar sin caithfidh na páistí a bheith breá compordach nuair a théann siad ar aistear idir dhá chlúdach an leabhair.

Cabhraíonn sé leis an taithí speisialta léitheoireachta más féidir leis na páistí spás a chruthú dóibh féin. Bíodh an spás seo chomh deas agus is féidir le gur mhaith leo filleadh air arís is arís eile.

Agus ná déan dearmad ar atmaisféar suaimhneach a chruthú. Is féidir ceol Gaeilge ó *Bliain na nAmhrán* nó *Ceol na Sióg* a chur ar siúl sa chúlra. Tá go leor scéalta agus dánta eile ar fáil ar SoundCloud.

## *Leag Uait agus Léigh* Gach Seachtain

Is fiú am faoi leith a chur ar leataobh gach seachtain do *Leag Uait agus Léigh* nuair is féidir leis na páistí agus leatsa scéal breá a phiocadh suas agus a léamh ar feadh cúpla nóiméad.

Is féidir cuairt a thabhairt ar an halla nó ar an áit speisialta a chruthaigh sibh le chéile nó, ar lá breá, an leabhar a thabhairt libh amach faoin aer.

## An Gaeilgeoir Gasta

In amanna eile is féidir *Leag Uait agus Léigh* a dhéanamh go spontáineach!

Roghnaigh páiste amháin mar Ghaeilgeoir Gasta gach lá. Ní bheidh a fhios ag na páistí eile cé hé/hí an Gaeilgeoir Gasta!

Caithfidh an Gaeilgeoir Gasta sleamhnú amach chuig an mBosca Leabharlainne am éigin le linn an lae i ngan fhios do na páistí eile agus leabhar a roghnú. Bí cinnte nach bhfeiceann aon duine é nó í! Ansin, fágann an páiste sin an leabhar ar bhord an mhúinteora.

A luaithe a thugann páiste faoi deara go bhfuil an Gaeilgeoir Gasta tar éis leabhar a fhágáil ar bhord an mhúinteora, stopfaidh an rang de pé obair a bhí ar siúl acu agus léifidh an múinteoir sliocht as an scéal sin do na páistí.

## Leabharmharc a Chruthú

B'fhéidir go mbeidh tú féin agus na páistí ag oscailt agus ag athoscailt an leabhair chéanna cúpla uair. Mar sin, cabhróidh sé libh leabharmharc a dhearadh ag an tús chun do leathanach a aimsiú go héasca gach uair.

Lig do na páistí mana léitheoireachta a scríobh air, mar shampla, *Léimis linn!* nó *Scéal = Spraoi*. Pé rud a chothóidh fonn léitheoireachta iontu.

Ar chúl an leabharmhairc, lig don pháiste liosta de na leabhair a léigh sé nó sí a scríobh síos agus réalta a chur isteach le teideal gach leabhair. Cúig réalta má bhí sé ar fheabhas, agus réalta amháin murar thaitin sé leis an bpáiste mórán.

## Cuairt Leabharlainne

Tabhair do rang ar cuairt chuig an leabharlann scoile nó chuig an leabharlann áitiúil agus tabhair am dóibh na leabhair Ghaeilge a aimsiú. Cá bhfuil siad? Cé na cineálacha leabhair Ghaeilge atá ar fáil? Ar léigh tú aon cheann le do rang cheana féin?

Nuair a fhilleann an rang ar an seomra ranga, déan an rud céanna ag breathnú go mion ar na seilfeanna agus sa leabharlann ranga.

## Trasnaigh an Seomra

Faigh amach cad iad na spéiseanna agus na cleachtais léitheoireachta atá ag na páistí cheana féin.

Glaoigh amach cúpla fíric, mar shampla, 'Trasnaigh an seomra má léigh tú leabhar Gaeilge cheana féin.' 'Trasnaigh an seomra má tá cur amach agat ar aon scríbhneoir Gaeilge.' 'Trasnaigh an seomra más maith leat scéalta grinn.' Má tá an ráiteas sin fíor, siúlfaidh an páiste trasna an tseomra.

Má imríonn tú an cluiche seo sa seomra ranga, is féidir é a athrú píosa. Glaoigh amach an ráiteas 'Bog más maith leat scéalta grinn.' Má tá sé fíor, seasfaidh an páiste suas nó suífidh síos.

Imir an cluiche seo arís tar éis cúpla seachtain. De réir mar a fhaigheann na páistí taithí ar leabhair Ghaeilge a léamh, b'fhéidir go dtiocfaidh athrú ar a dtuairimí.

# Bronntanas Leabhar

Más maith leat, is féidir iarraidh ar na páistí i Rang 6/P7/Bliain 7 leabhar Gaeilge atá acu sa bhaile agus a thaitin leo a bhronnadh ar leabharlann na scoile nuair atá siad ag fágáil na scoile.

# Cathaoir na Samhlaíochta

Lig do na páistí leabhar ón mBosca Leabharlainne a phiocadh suas.

An bhfuil sé mór nó beag? Trom nó éadrom? An bhfuil sé fada nó gearr? Oscail é. An bhfuil boladh uaidh?

Cén cineál cló atá in úsáid ann? An bhfuil léaráidí ann? Cé atá ar an gclúdach agus céard é nó í féin? An bhfuil an carachtar sin sona nó brónach nó feargach? Cá bhfuil an carachtar?

Tabhair deis do pháiste suí ar Chathaoir na Samhlaíochta. Cuir roinnt de na ceisteanna seo air nó uirthi.

Cé a scríobh an leabhar seo? Cén sórt duine é?

Cá bhfuair sé an smaoineamh don leabhar seo?

Cé a léigh é díreach romhatsa, meas tú?

# An Bosca Leabharlainne a Fhiosrú

Cuir an Bosca Leabharlainne i lár an tseomra. Cuir na páistí i ngrúpaí (4–5 sa ghrúpa). Lig do dhuine amháin ó gach grúpa teacht aníos agus leabhar a roghnú don ghrúpa.

Lig dóibh seal a chaitheamh ag breathnú ar an gclúdach agus an scéal á thomhas acu. Is féidir leis na páistí dul chuig an áit speisialta a chruthaigh siad chun an scéal a léamh.

Ansin iarr ar pháiste eile an leabhar a chur ar ais sa bhosca agus ceann nua a roghnú. Déan é seo cúpla uair le go mbeidh deis acu breathnú ar na leabhair ar fad, iad a láimhseáil agus a bheith fiosrach faoi na leabhair féin!

Anois is féidir an scéal a léamh leis na páistí ó thús deireadh nó, i ranganna sinsearacha, am a thabhairt do na páistí an scéal a léamh ina ngrúpaí. Lig dóibh suí nó luí siar san áit chompordach a chruthaigh siad.

# Stiallacha Scéil

Is féidir an-spraoi a bheith ag páistí le stiallacha scéil. Seo cúpla stiall shamplach thíos. Is féidir cur leo de réir mar a léann na páistí scéalta éagsúla agus de réir mar a ritheann ceisteanna suimiúla eile leo.

Tabhair stiall iomlán do gach grúpa.

| CEIST 1 | CEIST 2 | CEIST 3 | CEIST 4 | CEIST 5 | CEIST 6 |
|---|---|---|---|---|---|
| Cad is ainm don phríomhcharachtar? | Cathain a tharla an scéal seo? (fadó/amach anseo …) | Cén áit a bhfuil an scéal suite? (scoil/ sráid/bád ...) | Cad atá ar siúl ag an bpríomhcharachtar agus cad a chaithfidh sé nó sí a dhéanamh? | Scríobh amach an chéad abairt ar leathanach 10. | Cad í an abairt dheireanach sa scéal seo dar leat? (Ná féach ar an leathanach deireanach!) |

Piocfaidh gach grúpa leabhar ón mBosca Leabharlainne agus mar ghrúpa smaoineoidh siad ar na ceisteanna atá ar an stiall. Ansin iarr orthu an freagra a scríobh ar an stiall.

Nuair atá stiall mar sin déanta acu mar gheall ar chúpla leabhar éagsúil, imir cluiche tomhais. Léigh amach freagraí na gceisteanna (nó lig dóibh an stiall a léamh ina ngrúpaí) agus caithfidh siad a thomhas cén leabhar atá ann.

Nuair atá stiall faighte agat ó gach grúpa, gearr suas iad. Cuir gach ceist 1 le chéile, agus gach ceist 2 srl.

Coinnigh slán sábháilte iad mar beidh tú in ann iad a úsáid níos deireanaí nuair a bheidh scéal á chumadh ag an rang.

# Cárta Ceilte!

Gearr suas na cártaí thíos agus tabhair cúpla ceann do gach grúpa.

Iarr ar an ngrúpa cárta a chur i bhfolach i leabhar ón mBosca Leabharlainne.

Nuair a phiocann grúpa eile suas an leabhar, caithfidh siad an cárta a aimsiú ar dtús. Freagróidh siad ó bhéal an cheist ar an gcárta sin.

Ansin cuirfidh an grúpa cárta eile i bhfolach sa leabhar don chéad léitheoir eile.

Nuair a phiocann an chéad ghrúpa eile suas an leabhar, beidh dhá chárta le haimsiú acu!

Déan é seo cúpla uair le cártaí éagsúla.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Léigh an chéad leathanach.<br><br>Cad is ainm don phríomhcharachtar? | Léigh an chéad leathanach.<br><br>Cathain a tharla an scéal seo? (fadó/amach anseo …) | Léigh an chéad leathanach.<br><br>Cén áit a bhfuil an scéal suite? (scoil/sráid/bad …) | Oscail aon leathanach i lár an scéil.<br><br>Cad atá ar siúl ag an bpríomhcharachtar? | Oscail an leathanach deireanach.<br><br>Cé hiad na carachtair atá ann? | Oscail an leathanach deireanach.<br><br>Léigh an abairt dheireanach. Ar bhain an deireadh sin geit asat? |
| Léigh an chéad leathanach.<br><br>Cén t-am den bhliain atá i gceist sa scéal seo? | Féach ar an gclúdach.<br><br>Cé mhéad carachtar atá sa scéal seo? | Oscail an leathanach deireanach.<br><br>Cad atá ar siúl ag an bpríomhcharachtar? | Oscail aon leathanach ag tús an scéil.<br><br>Cad atá ar siúl ag an bpríomhcharachtar? | Oscail aon leathanach i lár an scéil.<br><br>Cad atá ar siúl ag an bpríomhcharachtar? | Oscail aon leathanach ag deireadh an scéil.<br><br>Cad atá ar siúl ag an bpríomhcharachtar? |
| Oscail aon leathanach ag tús an scéil.<br><br>Cá bhfuil na carachtair? | Oscail aon leathanach i lár an scéil.<br><br>Cá bhfuil na carachtair? | Oscail aon leathanach ag deireadh an scéil.<br><br>Cá bhfuil na carachtair? | Oscail aon leathanach ag tús an scéil.<br><br>Cén t-am den lá atá ann? | Oscail aon leathanach i lár an scéil.<br><br>Cén t-am den lá atá ann? | Oscail aon leathanach ag deireadh an scéil.<br><br>Cén t-am den lá atá ann? |
| Oscail aon leathanach ag tús an scéil.<br><br>Aimsigh an chéad abairt ar leathanach 10.<br><br>Cad atá ar siúl anseo? | Oscail aon leathanach i lár an scéil.<br><br>Roghnaigh abairt a thaitníonn leat. | Oscail aon leathanach ag deireadh an scéil.<br><br>Roghnaigh abairt a thaitníonn leat. | Oscail aon leathanach ag deireadh an scéil.<br><br>Roghnaigh abairt a thaitníonn leat. | Féach ar an gclúdach.<br><br>Cá bhfuil na carachtair? | Féach ar an gclúdach.<br><br>Cén aois é an príomhcharachtar, meas tú? |

# Luathchríochnaitheoirí

Má bhíonn an Bosca Leabharlainne i do rang don tseachtain, is féidir cuireadh a thabhairt do luathchríochnaitheoirí leabhar a roghnú as agus seal a chaitheamh ag léamh le linn an lae.

Bíodh an léitheoireacht mar dhuais as obair mhaith, mar shampla, faigheann an páiste deich nóiméad léitheoireachta mar dhuais.

Is féidir an Bosca Leabharlainne a thabhairt isteach sa seomra ranga freisin don am órga.

# Cúntóirí Teanga

Is féidir le cúntóirí teanga an-leas a bhaint as an mBosca Leabharlainne agus na gníomhaíochtaí sa phacáiste tacaíochta seo nuair atá siad ag obair le grúpaí beaga nó le páistí aonair.

# Bímid i gCónaí ag Léamh!

Oscail do shúile agus do chluasa! Bí ag faire amach do na fógraí Gaeilge a fheiceann tú ar do bhealach ar scoil.

An bhfuil aon phóstaeir Ghaeilge ar taispeáint sa seomra ranga? An bhfaca tú aon mhéim ghreannmhar as Gaeilge?

Más maith leat, is féidir iarraidh ar na páistí leabhair Ghaeilge nó ábhair léitheoireachta as Gaeilge (mar shampla, alt nuachtáin nó scéal Gaeilge ar líne) a aimsiú sa bhaile.

Bímid i gcónaí ag léamh! Tabhair deis do na páistí smaoineamh ar na rudaí ar fad a léann siad le linn an lae. Tabharfaidh sé misneach dóibh smaoineamh orthu féin mar léitheoirí rialta cumasacha.


canterbury
IRFU
SADHBH DEVLIN
RÓISÍN HAHESSY
GEANSAÍ OTTÓ
An Bosca
Leabharlainne

# Rannóg 2: Bímis ag Léamh le Chéile

Is fiú go mór tosú le roinnt gníomhaíochtaí leis an rang ar fad, go háirithe leis na ranganna naíonán. Nuair atá cur amach acu ar na cluichí agus na gníomhaíochtaí, is féidir leo iad a dhéanamh ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí.

Má bhíonn aon pháiste ann nach féidir leis nó léi páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí grúpa nó nach bhfuil ag iarraidh páirt a ghlacadh amhlaidh, is féidir leis nó léi suí síos agus léamh ina (h)aonar. Tá an bhéim sna gníomhaíochtaí seo ar fad ar an bhfonn léitheoireachta a chothú agus mar sin is gá aitheantas a thabhairt do roghanna agus stíleanna léitheoireachta na bpáistí éagsúla.

## Lón Léitheoireachta

Cuir na leabhair ón mBosca Leabharlainne ar phlátaí páipéir timpeall an tseomra.

Siúlann na páistí timpeall agus suíonn ina mbeirteanna nó ina n-aonar os comhair leabhair amháin.

Faigheann paistí 'blaiseadh beag' den leabhar ar feadh nóiméid nó dhó sula mbogann siad ar aghaidh chuig an gcéad leabhar eile.

## Geandáil Ghasta

Cuir na leabhair go léir ón mBosca Leabharlainne amach ina dhá líne.

Seasann na páistí ina dhá líne freisin os comhair líne amháin leabhar.

Tugtar deis don pháiste an chéad leabhar atá os a c(h)omhair a láimhseáil agus a léamh ar feadh dhá nóiméad.

Ansin, bogann an páiste ar bharr na líne go deireadh na líne. Bogann gach páiste eile suas spás amháin.

Anois, tá leabhar nua os comhair na bpáistí go léir. Tabhair dhá nóiméad dóibh an leabhar nua a láimhseáil agus a léamh. Ansin bogann an duine ar bharr na líne go bun na líne agus bogann gach duine eile suas spás amháin arís.

Déan é seo go dtí go mbeidh deis ag gach páiste am a chaitheamh le gach leabhar.

Anois beidh deis ag na páistí an ghníomhaíocht chéanna a dhéanamh ina mbeirteanna.

Cuir amach na leabhair ar fad in aon líne amháin. Iarr ar na páistí seasamh ina dhá líne ar dhá thaobh na líne leabhar.

Tabhair dhá nóiméad dóibh chun an scéal a phlé leis an duine os a gcomhair.

Tar éis dhá nóiméad, bogann an duine ar bharr na chéad líne go deireadh na líne. Bogann gach páiste eile sa chéad líne suas spás amháin.

Anois tá gach duine os comhair duine nua, ach tá na páistí sa dara líne fós os comhair an leabhair chéanna.

Tabhair dhá nóiméad dóibh an leabhar a phlé leis an duine nua.

Tar éis cúpla babhta, beidh an-chur amach ag na páistí sa dara líne ar an leabhar ach beidh tuairimí difriúla cloiste acu ó na páistí éagsúla. An raibh na tuairimí céanna ag gach duine?

Malartaigh róil anois agus beidh na páistí sa dara líne ag bogadh agus ag éisteacht le scéal nua gach uair.

Is féidir an cluiche seo a imirt in dhá chiorcal chomh maith. Ar dtús, bogann na páistí sa chiorcal inmheánach ar aghaidh céim amháin le labhairt le duine nua.

Ina dhiaidh sin, bogann na páistí sa chiorcal ar an taobh amuigh ar aghaidh le labhairt le duine nua.

## Ag Léamh is ag Líníocht

Pioc leabhar amach ón mBosca Leabharlainne. Iarr ar na páistí píosa páipéir agus peann luaidhe a thabhairt leo chuig an áit chompordach.

Ar aghaidh leat ag léamh an scéil agus tosóidh na páistí ag líníocht.

Ag an deireadh, iarr orthu an scéal a insint don duine in aice leo ag taispeáint na radharc ar an leathanach dóibh.

# Léamh os Ard

Tá an léamh os ard tábhachtach agus taitneamhach do pháistí áirithe nuair a théann siad i dtaithí ar scéalta a insint. Ná cuir brú ar aon pháiste léamh amach os ard, áfach.

Ag an tús, is féidir cuireadh a thabhairt don rang éisteacht leat agus an scéal á léamh agat. Tabharfaidh sé treoir dóibh maidir leis an luas agus an rithim chainte. Bain úsáid as glór beagán difriúil do gach carachtar.

Ansin, tabhair cuireadh dóibh sliocht as scéal a rá os ard lena chéile. Is féidir na línte a thaispeáint ar an gclár bán idirghníomhach nó fótachóip den leathanach a thabhairt amach idir gach beirt.

Ansin, bí ag spraoi le guthanna na gcarachtar. Cuir i gcás go bhfuil fearg ar an gcarachtar inniu. Conas a déarfaidh sé an líne sin? Bain triail as arís. Cuir i gcás go bhfuil tuirse air. Conas a déarfaidh sé an líne sin? Bain triail as arís.

Nuair a théann siad i dtaithí ar an scéal, lig dóibh an scéal a athrú más maith leat.

Is féidir na leaganacha éagsúla den scéal a chur i gcomparáid lena chéile. Cé acu is fearr leat?

# Rólchártaí Léitheoireachta

Is éard atá i gceist leis na rólchártaí léitheoireachta ná go mbeidh rogha ag na páistí freagairt don scéal ar bhealaí éagsúla.

Ar dtús, is féidir leat mar mhúinteoir rólchárta amháin a roghnú agus tugann gach duine/gach grúpa faoin ngníomhaíocht chéanna.

Is féidir freagairt don rólchárta ó bhéal nó i scríbhinn.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Breathnaigh ar an bpríomhcharachtar ag tús an scéil. Cad atá ina (h)aigne? | Déan pictiúr den radharc is fearr leat | Cuir ceist ar an bpríomhcharachtar | Cuir teachtaireacht chuig an bpríomhcharachtar<br><br>(Is féidir téacs nó glórphost nó ríomhphost a chur chuige. Nuair a théann siad i dtaithí air seo is féidir leo freagra an phríomhcharachtair a chumadh) | Athraigh an líne dheireanach<br><br>(Nuair a théann siad i dtaithí air seo, is féidir leo deireadh iomlán nua a chumadh) |
| Athraigh an chéad líne<br><br>(Nuair a théann siad i dtaithí air seo, is féidir leo tús iomlán nua a chumadh) | Cum an comhrá idir beirt charachtar | Athraigh rud amháin chun an scéal a bhunú in 2021 | Tabhair comhairle chabhrach don phríomhcharachtar | Déan pictiúr de bhrionglóid an charachtair |

Ina dhiaidh sin, roghnaíonn páiste i ngach grúpa rólchárta don ghrúpa agus tugann siad faoin ngníomhaíocht le chéile.

Más maith le páistí áirithe obair ina n-aonar, is féidir rólchárta a roghnú dóibh féin.

Nuair a théann na páistí i dtaithí air seo, is féidir cuireadh a thabhairt dóibh rólchárta nua a chumadh.

# Rabhlóga a Chumadh

Roghnaigh carachtar ón scéal.

Roghnaigh briathar a thosaíonn leis an litir chéanna, mar shampla, 'Múineann Mór'.

Tá tús rabhlóige agat!

An féidir leat smaoineamh ar an gcuid eile den rabhlóg? Roghnaigh ainmfhocal agus aidiacht eile a thosaíonn leis an litir chéanna.

'Múineann Mór mata ar maidin'.

Abair é chomh sciobtha agus is féidir. Ní bheidh sé éasca!

# Obair Bheirte/Obair Ghrúpa

Tá gníomhaíochtaí spraíúla thíos is féidir le páistí a dhéanamh mar ghrúpa beag nó ina mbeirteanna. Má tá na páistí níos compordaí ag obair ina n-aonar, lig dóibh obair aonair a dhéanamh.

## Clúdaigh an Clúdach!

Deir an seanfhocal linn 'Ní hionann i gcónaí an cófra is a lucht'.

Cuir do lámha ar an gclúdach le nach féidir le do pháirtí aon rud a fheiceáil. Tabhair teideal an leabhair dó nó di. Iarr ar do pháirtí a thomhas cén íomhá atá ar an gclúdach. Cé na dathanna atá in úsáid? Cá bhfuil an teideal ar an gclúdach?

Anois breathnaigh air le chéile. An raibh an ceart ag do pháirtí?

## Ag Caint faoin gClúdach

Pioc suas an leabhar agus breathnaigh go géar ar an gclúdach.

Céard é teideal an scéil seo? Cén pictiúr atá ar an gclúdach? Cá bhfuil an scéal seo suite? Cén bhliain atá ann? Cé hiad na carachtair atá ann? Cén t-aoisghrúpa atá ann? Cé na spriocléitheoirí atá ann, meas tú?

Déan tomhas faoi ábhar an scéil. Cad a tharlóidh sa scéal seo?

## Scéilín ó Bhéilín

Inis do scéal féin bunaithe ar an gclúdach do na daoine eile i do ghrúpa. Cé mhéad carachtar atá sa scéal seo? Cá bhfuil siad? Cén bhliain atá ann? Cad a tharlaíonn dóibh?

Is féidir do scéal féin a léiriú i bpictiúir más maith leat.

An bhfuil spéis acu níos mó a chloisteáil?

## Clúdach nua a Dhearadh

Nuair a bheidh an scéal léite ag an rang, faigh amach cén eachtra is mó a thaitin leo.

An raibh aon charachtar ann a sheas amach dóibh?

Ar mhaith leat an carachtar sin nó an eachtra sin a chur ar an gclúdach?

Más pictiúrleabhar nó leabhar le léaráidí é, breathnaigh ar na pictiúir atá ann. Cén ceann ar mhaith leat a chur ar an gclúdach?

Anois iarr ar na páistí clúdach nua a dhearadh.

## Súil Siar ar an gClúdach

Tar éis duit an scéal a léamh is féidir leat smaoineamh siar ar an gcéad tomhas a bhí agat. An raibh an ceart agat?

## Blaiseadh Blurba

Sna ranganna sinsearacha, is féidir am a chaitheamh ag léamh an bhlurba.

Céard a tharlóidh sa scéal seo? An bhfuil spéis agat ann?

Tar éis duit an blurba a léamh, breathnaigh ar an gclúdach. Cén ceangal atá eatarthu, dar leat?

## Blurba Nua

Sna ranganna sinsearacha tar éis do na páistí an scéal a léamh, is féidir cuireadh a thabhairt dóibh blurba nua a chumadh.

Ar mhaith leat béim a leagan ar aon rud eile a tharla sa scéal seo?

## Ó Bhéal an Údair

Tá sé in am duit anois tú féin a chur isteach sa scéal!

Roghnaigh carachtar amháin a thaitníonn leat. D'fhéadfá an príomhcharachtar a roghnú nó carachtar nach bhfuair a chead cainte sa scéal, dar leat.

Anois, inis scéal an charachtair sin sa chéad phearsa, mar shampla, má tá *Scúnc agus Smúirín* á léamh agat is féidir ról Scúnc a ghlacadh. 'Dia duit! Is mise Scúnc. Tá an teidí beag is fearr liom caillte!'

Cuir isteach níos mó mioneolais nach raibh sa bhunscéal.

## An tSealchathaoir

Tar éis duit smaoineamh ar dhearcadh carachtair amháin, is féidir leat do bhealach a dhéanamh chuig an tsealchathaoir.

Cuirfidh do chairde eile i do ghrúpa ceisteanna ort.

Cé hé Smúirín? Conas a mhothaigh tú nuair a bhí Smúirín ar strae?

Freagróidh tú ó dhearcadh an charachtair sin. Inis dóibh cá raibh tú. Inis dóibh an raibh fearg nó áthas nó uaigneas nó brón ort nuair a tharla an eachtra seo.

Nuair a dhéanann siad cleachtadh ar an tsealchathaoir ina ngrúpaí, is féidir iarraidh ar an bpáiste é a dhéanamh os comhair an ranga.

## Léitheoirí Líofa

Má tá rang sinsearach agat, mol dóibh leabhar a roghnú le léamh leis na ranganna níos sóisearaí.

Cad a thaitneoidh leis na léitheoirí óga? An féidir leat guth spreagúil a dhéanamh do na carachtair éagsúla?

Déan cleachtadh ar an scéal a léamh cúpla uair. An féidir leat guth difriúil a úsáid do na carachtair éagsúla?

D'fhéadfadh an múinteoir físeán a dhéanamh de bheirt ag léamh an scéil. Is féidir rogha de na scéalta a thaispeáint don rang.

## Léitheoireacht Chomhroinnte

Anois, an t-am léitheoireachta! Tabhair cuireadh don rang eile teacht chuig an spás compordach a chruthaigh sibh. Tabhair cead dóibh a gcúisíní nó a dteidithe a thabhairt leo.

Ar aghaidh leis an léitheoireacht chomhroinnte.

## Ag Spraoi le Chéile

Is féidir na gníomhaíochtaí atá luaite faoi Ag Cur Aithne ar Charachtair a chur ar siúl agus rang sinsearach agus rang sóisearach a chur ag obair le chéile.

# An Chéad Léitheoir Eile

Nuair a leagann tú síos an leabhar cuimhnigh nach fada go mbeidh sé i lámha léitheora eile. Tá cúpla gníomhaíocht anseo is féidir a dhéanamh sula roghnaíonn páistí leabhar nua agus sula dtugann siad an leabhar do dhuine éigin eile.

## Moladh leabhair

Ar bhain tú sult as an leabhar? An bhfuil aon duine eile i do rang a bhainfeadh sult as an leabhar sin?

Mol leabhar amháin ón mBosca Leabharlainne do dhuine eile i do rang nó sa scoil.

Is féidir iarraidh ar na páistí an leabhar sin a bhronnadh ar dhuine eile agus píosa beag eolais a thabhairt don chéad léitheoir eile.

Rud/carachtar a thaitin liom faoin leabhar ná …

Rud a sheas amach dom sa scéal ná …

Ní raibh mé ag súil ar chor ar bith le …

Is féidir na tuairimí seo a phlé ó bhéal leis an gcéad léitheoir eile nó nóta a dhéanamh dó nó di ar an leabharmharc (féach an ghníomhaíocht thíos Leabharmharc don Chéad Léitheoir Eile).

## Rabhadh don Chéad Léitheoir Eile

Nó b'fhéidir go gcaithfidh tú rabhadh a thabhairt do dhuine eile, mar shampla,

Rabhadh! Ná léigh *Na Bleachtairí Zombaí* mura dtaitníonn boladh lofa leat!!

Is féidir an rabhadh a scríobh ar Post-it agus é a chur ar chlúdach an leabhair.

## Mo Rogha Leabhar

Cuir agallamh ar dhuine eile i do rang féin faoi leabhar a léigh sé nó sí.

Ansin, cuirfidh sé nó sí agallamh ortsa. Cé mhéad réalta as cúig réalta a thabharfá don leabhar seo? Cén fáth?

Is féidir dhá rang a thabhairt le chéile chun agallamh a chur ar a chéile.

## Leabharmharc don Chéad Léitheoir Eile

Cruthaigh leabharmharc don chéad léitheoir eile.

Ar an leabharmharc sin, scríobh amach cúig fhocal a thaitin leat ón scéal. Is féidir leis an léitheoir sin a rá leat nuair a thiocfaidh sé nó sí orthu.

Cuir réaltaí in aice le teideal an leabhair, cúig réalta má thaitin sé go mór leat agus réalta amháin murar thaitin sé leat.

Nuair atá an scéal léite ag an gcéad duine eile, is féidir an líon réaltaí a thug sibh beirt don scéal a chur i gcomparáid lena chéile.

## Fíor nó Bréagach?

Tar éis don pháiste an scéal a léamh, iarr orthu trí ráiteas a scríobh ar phíosa páipéir nó ar Post-It bunaithe ar an scéal, mar shampla,

- Tá an scéal seo suite sa tSín
- Tá an príomhcharachtar ocht mbliana d'aois
- Tharla an scéal seo sa bhliain 2050

Gheobhaidh páiste eile an scéal le léamh. Féachfaidh sé nó sí ar na trí ráiteas agus caithfidh a thomhas an bhfuil na ráitis sin fíor nó bréagach.

Nuair a bheidh sé nó sí críochnaithe ag léamh an scéil, féachfaidh ar na trí ráiteas arís. An raibh an ceart aige nó aici nuair a rinne sé nó sí tomhas ar dtús? Iarr air nó uirthi tic nó x a chur in aice leis na ráitis anois.

Is féidir leis an léitheoir/leis an ngrúpa sin trí ráiteas eile a chumadh agus iad a scríobh ar Post-it don chéad léitheoir eile.


An Bosca
Leabharlainne

# Rannóg 3: Bímis ag Spraoi le Focail

Tá gníomhaíochtaí thíos a bhaineann le hiniúchadh a dhéanamh ar na focail éagsúla iontacha sa leabhar agus spraoi leo. Is féidir úsáid a bhaint as na gníomhaíochtaí seo mar spreagadh do do scéal féin a chumadh ar ball.

## Céad Míle Focal Romhat

Roghnaigh an t-údar focail speisialta go han-chúramach le cur sa scéal.

An dtaitníonn aon fhocal nó aon nath faoi leith leat? Cén fáth? An bhfuil uaim ann? An maith leat fuaim an fhocail? An bhfuil an focal an-fhada?

An bhfuil aon fhocal ann nach dtuigeann tú? Bain úsáid as foclóir chun a fháil amach cad is brí leis.

Déan póstaer ranga Céad Míle Focal Romhat agus bíodh na focail is fearr leat agus na focail nua ón scéal air.

An bhfuil na focail sin ar eolas agat in aon teanga eile?

## Bronntanas Focal

Roghnaigh focal nó nath amháin ón scéal nó ó do phóstaer Céad Míle Focal Romhat.

Is féidir leat focal atá i gcanúint eile a roghnú.

Scríobh amach an focal nó an nath ar phíosa páipéir. Is féidir pictiúr de bhrí an fhocail a chur leis más maith leat.

Cé go dtaitníonn an focal sin go mór leatsa, tá tú chun é a roinnt le duine eile! Bronn an píosa páipéir a bhfuil an focal nó an nath álainn seo air ar dhuine eile sa rang.

Mínigh cén fáth ar roghnaigh tú an focal nó an nath seo. Cuir ceist air nó uirthi an dtaitníonn sé leis nó léi chomh maith.

Bronnfaidh do pháirtí focal nó nath ortsa chomh maith.

Bain triail as an bhfocal nó an nath a rá. Cén fhuaim atá leis? Ar mhaith leatsa é a úsáid i do chéad scéal eile? An féidir é a úsáid le duine éigin inniu?

Nuair a bhronnann duine focal speisialta ort, caithfidh tú aire mhaith a thabhairt don fhocal agus é a úsáid le linn na seachtaine. An féidir é a úsáid le duine éigin inniu?

## Bolgán Smaointeoireachta

Anois is féidir leatsa d'fhocail féin a shníomh isteach sa scéal.

Déan bolgán smaointeoireachta amach. Roghnaigh áit sa scéal a bhfuil an príomhcharachtar ag labhairt le duine eile.

Cuir an bolgán smaointeoireachta os cionn an charachtair. Anois cad air a bhfuil sé ag smaoineamh i ndáiríre?

## Bolgán Cainte

Roghnaigh carachtar eile sa scéal agus cuir an bolgán cainte os a chionn.

Inseoidh an carachtar seo an scéal óna dhearcadh féin, mar shampla, sa scéal *Cinnín Óir agus na Trí Bhéar*.

'Is mise Mamaí Béar. Nílim sásta. Bhí mé amuigh ag siúl le Daidí Béar agus Babaí Béar. Tháinig Cinnín Óir isteach!'

Nó sa scéal *Lúba*, cuir deartháir Lucy ag caint linn.

'Is mise Boloch. Tá deirfiúr agam. Lucy is ainm di. Is fuath liom í!'

## Féasta Filíochta agus Amhráin Áille

Cuir amhráin Ghaeilge ar siúl le linn an lae nuair a bhíonn na páistí ag ithe lóin nó ag déanamh ealaíne nó gníomhaíochtaí réamhscríbhneoireachta. Tá amhráin áille le fáil i roinnt de na leabhair sa Bhosca Leabharlainne, mar shampla, *Bliain na nAmhrán* agus *Ceol na Sióg*.

Agus iad ag éisteacht leis na hamhráin áille, tabhair deis dóibh pictiúr a dhéanamh de na híomhánna a thagann isteach ina gceann.

Is féidir cúpla amhrán a fhoghlaim le chéile agus iad a chanadh roimh an am léitheoireachta nó ag aon am eile i gcaitheamh an lae.

Bailigh dánta agus amhráin Ghaeilge eile a thaitníonn leis an rang. Is féidir le páiste amháin amhrán nó dán a roghnú gach maidin agus canfaidh nó déarfaidh an rang é.

Le ranganna sinsearacha, is féidir na liricí a ghearradh suas agus a thabhairt do na páistí. Agus iad ag éisteacht leis an gceol, iarr orthu iad a chur san ord ceart.

## Leathanach Lán-Mhúchta

Déan fótachóip de leathanach amháin as an scéal nó roghnaigh dán/amhrán ó chnuasach dánta/amhrán.

Pioc suas marcóir agus dubhaigh amach aon fhocal nach bhfuil uait ionas go mbeidh scéal gairid fágtha agat.

Léigh an scéal nua sin do do pháirtí. An dtaitníonn an leagan nua leat? Ar mhaith leat aon fhocal nua a chur isteach?


An Bosca
Leabharlainne

# Rannóg 4: Ag Cur Aithne ar Charachtair

Baineann na gníomhaíochtaí seo le haithne níos fearr a chur ar na carachtair agus cinn nua a chumadh. Beidh tú in ann na carachtair seo a úsáid ar ball nuair a bheidh scéal nua á chumadh agat.

## Portráid Teaghlaigh

Breathnaigh ar chlúdach an leabhair agus féach ar na carachtair. Léigh an scéal le haithne a chur ar na carachtair arís.

Anois déan portráid teaghlaigh/ranga/cairde de na carachtair sin.

Cé a bheidh ag iarraidh seasamh in aice lena chéile sa phortráid seo? An bhfuil aon duine ann nach mbeidh ag iarraidh seasamh in aice leis an duine sin?

## Próifíl ar Charachtar

Roghnaigh carachtar ó scéal amháin. Déan pictiúr den charachtar sin.

Bain úsáid as an teimpléad thíos chun próifíl níos iomláine a chumadh air. Is féidir é seo a dhéanamh ó bhéal nó i scríbhinn.

Is maith liom …

Is fuath liom …

Trí fhocal a chuireann síos orm …

Rud spéisiúil fúm nach bhfuil ar eolas ag mórán daoine ná …

Tá próifíl ar údair agus ar charachtair ar fáil i roinnt scéalta agus is féidir iad a úsáid mar threoir, mar shampla, *Ar Strae* agus *Na Bleachtairí Zombaí*.

Is féidir próifíl a scríobh ar an gcarachtar ag tús an scéil agus arís ag deireadh an scéil. Ar tháinig aon athrú air?

Coinnigh greim ar an bpróifíl ar charachtair mar beidh tú in ann úsáid a bhaint aisti nuair a bheidh carachtar nua nó scéal nua á chumadh agat ar ball!

## An Leathchúpla

Cuir na próifílí a rinne an rang le chéile agus suaith iad.

Iarr ar gach beirt ceann a roghnú.

Breathnaigh ar an gcarachtar seo. An dtaitníonn sé leat?

Anois, déan cur síos ar a leathchúpla nach bhfuil pioc cosúil leis nó léi!

## Carachtair Chairdiúla

Nuair a bheidh cúpla scéal léite agat, smaoinigh ar na carachtair ar fad ar bhuail tú leo.

Breathnaigh ar na Portráidí Teaghlaigh, na próifílí carachtair agus ar na puipéid a rinne an rang (féach an ghníomhaíocht Amharclann na bPuipéad).

An bhfuil aon charachtair cosúil le carachtar eile?

Dá mbuailfidís le chéile, an mbeidís ina gcairde? Cén fáth?

Nó an mbrisfeadh cogadh dearg amach eatarthu? Cén fáth?

## Cosán Coinsiasa

Roghnaigh próifíl charachtair amháin agus taispeáin don rang í.

Cén cineál carachtair é nó í? An mbíonn sé nó sí feargach nó cineálta? An maith leat é nó í?

Cén chomhairle a thabharfá don charachtar sin?

'Ná cuir do mhuinín sa mhac tíre!' 'Bí cúramach le do theidí!'

Ansin, roinn an rang ina dhá leath agus iarr orthu seasamh ina dhá líne os comhair a chéile.

Roghnaigh páiste amháin chun ról an charachtair sin a ghlacadh.

Nuair a shiúlann an carachtar sin síos an Cosán Coinsiasa, idir an dá líne, tá an slua chun comhairle a chur air. Glaofaidh siad amach an chomhairle a chum siad don charachtar agus é nó í ag dul thar bráid.

Ná cuir do mhuinín i …!

Bí cúramach faoi …!

Seachain …!

Caithfidh tú …!

Thar aon rud eile, déan …!

# Claochlú Carachtair

Roghnaigh próifíl ar charachtar atá déanta ag an rang nó dírigh ar charachtar amháin nuair atá tú ag léamh.

Déan triantán mór ar leathanach nó ar an gclár bán.

Is féidir an phróifíl a rinne tú ar an gcarachtar ag tús an scéil a chur in aice le cúinne amháin. Is féidir an phróifíl a rinne tú ar an gcarachtar ag deireadh an scéil a chur in aice le cúinne ar an taobh eile.

An dtagann aon athrú ar an gcarachtar faoi dheireadh an scéil?

I lár an triantáin, scríobh amach nó déan pictiúr de na heachtraí a spreag an claochlú carachtair seo.

# Carachtair a Chruthú

Bíonn carachtair shuimiúla ag croílár gach scéil. Aimsigh seanghreannáin nó fógraí scannán nó bliainiris. Gearr amach na carachtair a thaitníonn leat. Is féidir cúpla próifíl charachtair a rinne tú níos luaithe a úsáid freisin.

Cén fáth a dtaitníonn na carachtair sin leat? Cad atá speisialta faoi gach carachtar aonair?

Más sárlaochra iad, cén bua speisialta atá acu?

Anois tá tú chun píosa beag ó gach carachtar a roghnú chun do charachtar nua a chumadh. Cad is féidir leis an gcarachtar speisialta nua seo a dhéanamh?

An féidir leis an gcarachtar seo eitilt ar nós Superman nó dreapadh go hard ar nós Spiderman? Nó dúcheisteanna a chur ar dhaoine ar nós The Joker nó éalú ó thúr ar nós Rapunzel in *Tangled*?

Déan pictiúr de nó di.

Is carachtar cumhachtach é a bhfuil go leor buanna speisialta aige, cosúil leatsa. Is féidir ligean do na páistí grianghraf dá gcloigeann féin a chur leis an gcarachtar nua seo.

Cuir do charachtar nua ar an tsealchathaoir anois. Cad iad na ceisteanna a chuirfeadh na páistí eile sa rang air nó uirthi?

Inis do scéal féin anois!

# Bun os Cionn

Roghnaigh carachtar amháin ón scéal, mar shampla, Ruairí nó Mamó nó Jimín. Cad atá ar eolas agat faoi nó fúithi?

Dá mbeadh an carachtar Ruairí nó Mamó nó Jimín in áit eile ar fad, mar shampla, ag an Mol Thuaidh, ar oileán i lár na farraige, nó i spásárthach ar a bhealach go Mars, cad a tharlódh?

Cé na mothúcháin a bheadh ar an gcarachtar sa chás aisteach seo?

Inis an scéal nua seo le pictiúir nó is féidir líne a chumadh faoi gach pictiúr.

# Carachtar Críonna

Roghnaigh an carachtar is fearr leat ó aon scéal sa Bhosca Leabharlainne, nó b'fhéidir carachtar a chruthaigh tú féin. Is féidir súil a chaitheamh ar na próifílí carachtair ar dtús má tá tú ag iarraidh smaoineamh orthu.

Déan pictiúr den charachtar ach ná cuir aon ghruaig air nó uirthi. Greamaigh an pictiúr de phota ina bhfuil síolta biolair (nó síolta ar bith a fhásfaidh go maith i gcré nó i múirín) le go bhfásfaidh gruaig ar do charachtar.

De réir mar a fhásann gruaig do charachtar, téann sé nó sí in aois. Pioc suas an pota tar éis seachtaine. An bhfuil cuma níos óige nó níos sine ar an gcarachtar anois?

An mbeidh an phearsantacht chéanna aige nó aici anois, meas tú? Cad a tharlóidh ina s(h)aol anois?

# Brionglóid an Phríomhcharachtair

Roghnaigh an radharc is fearr leat sa scéal. Cad a tharla don charachtar sa radharc sin? Ar baineadh geit as? Ar bhain sé taitneamh as?

Tar éis don mhéid sin titim amach, cén bhrionglóid a bheidh ag an bpríomhcharachtar anocht? An brionglóid dheas shuaimhneach a bheidh ann nó tromluí?

Línigh bolgán agus cuir os cionn an charachtair é. Déan pictiúr den bhrionglóid a bheidh ag an gcarachtar.


An Bosca
Leabharlainne

# Rannóg 5: Tarraingíonn Scéal Scéal Eile

Tar éis duit cúpla leabhar a léamh, is féidir an scéal nó línte spreagúla as, nó léaráidí, nó carachtair atá ann, a úsáid mar bhunús chun scéal eile a chumadh.

## Cuir san Ord Ceart

Déan fótachóip de thrí léaráid ó phictiúrleabhar. Measc suas iad. Iarr ar thriúr seasamh os comhair an ranga agus tabhair pictiúr an duine dóibh.

Iarr ar na páistí eile féachaint ar na trí phictiúr. An bhfuil siad san ord ceart? Cén ceann atá ann ar dtús? Cén fáth? Cad a tharlaíonn sa lár? Cén ceann a chuireann deireadh leis an scéal?

Ar mhaith leat duine a bhogadh le go mbeidh siad san ord ceart?

Anois iarr ar na páistí an scéal seo a insint dá chéile.

An chéad uair eile, déan le cúig léaráid é, nó le deich léaráid fiú.

## Míreanna Mearaí

Tabhair pictiúrleabhar do gach grúpa.

Iarr ar an ngrúpa scéal an phictiúrleabhair a insint ina bhfocail féin ar shé leathanach éagsúla. Is féidir le páistí óga pictiúir a dhéanamh agus is féidir le páistí níos sine línte a scríobh amach.

Tugann an grúpa na sé leathanach do ghrúpa eile. Caithfidh an grúpa eile iad a chur san ord ceart. Cén ceann atá ann ar dtús? Cén fáth? Cad a tharlaíonn sa lár? Cén ceann a chuireann deireadh leis an scéal?

Anois iarr ar na páistí an scéal seo a insint dá chéile.

## Míreanna Mearaí Móra

Nuair a théann na grúpaí i dtaithí ar chúpla radharc ón scéal a chur san ord ceart agus a scéal féin a insint bunaithe orthu, iarr ar an ngrúpa scéal an phictiúrleabhair a insint ina bhfocail féin ar an méid céanna leathanach is atá sa bhunscéal féin (tuairim is sé leathanach is fiche de ghnáth). Oireann an ghníomhaíocht seo do na ranganna sinsearacha go háirithe.

Tugann an grúpa na leathanaigh don rang ar fad.

Tógann gach duine sa rang leathanach amháin, féachann ar an bpictiúr agus léann é.

Anois caithfidh gach duine sa rang seasamh i líne leis an bpictiúr cuí le go mbeidh an scéal san ord ceart.

Léigh an rud atá scríofa ar phíosa páipéir na ndaoine atá in aice leat. An bhfuil tú cinnte go bhfuil tú san áit cheart?

Anois iarr ar an rang an scéal a insint ó thús deireadh.

## Cas siar an Clog

Roghnaíonn an t-údar tús spreagúil chun an scéal a thosú. Osclaíonn tú an chéad leathanach agus tá tú i gcroílár an domhain a chruthaigh sé nó sí.

Uaireanta tosaíonn an scéal an chéad rud ar maidin nó i lár an tráthnóna, nó nuair atá an carachtar ina shámhchodladh. Ach nuair a bhí an scéal á léamh agat, ar smaoinigh tú ar an rud a tharla díreach roimhe sin? Nó an oíche roimh ré? Nó seachtain roimhe sin?

Roghnaigh leabhar amháin ón mBosca Leabharlainne. Léigh an chéad leathanach arís. Cá dtosaíonn an scéal seo? Cén t-am é? Cén mhí atá ann? Cén bhliain atá ann?

Anois cas siar an clog píosa beag. Téigh siar uair an chloig nó lá amháin. Cad atá ar siúl ag an gcarachtar? Cad atá ina intinn?

Cum an réamhscéal anois!

## Craiceann a Chur ar Scéal

Smaoinigh siar ar eachtraí an scéil a léigh tú nó a chum tú.

An bhfuil aon scéal eile a tharla idir na heachtraí ar fad?

Mar shampla, an dóigh leat gur chuir duine de na carachtair teachtaireacht chuig cara nó gur bhuail sé nó sí le duine eile agus gur inis sé nó sí a t(h)aobh den scéal dó nó di?

Seo í do dheis craiceann a chur ar an scéal. Cum 'an t-idirscéal' anois. Is féidir an scéal seo a lonnú idir na caibidlí nó idir dhá eachtra thábhachtacha sa scéal.

# Sa Lá atá Inniu Ann

Tá an ghníomhaíocht seo an-úsáideach nuair atá béaloideas agus síscéalta á léamh ag an rang.

Léigh an scéal le chéile.

Ansin smaoinigh ar an scéal a lonnú sa lá atá inniu ann, mar shampla, dá mbeadh Cinnín Óir ag dul amach ag siúl an dtógfadh sí Fitbit nó masc léi?

Dá mbeadh sióga Lios Lurgain ag dul chuig cóisir cén ceol a bheadh á sheinm ann? Cé na héadaí a bheadh á gcaitheamh acu?

# Stiallacha Scéil 2

Bailigh na stiallacha scéil a chuir na páistí le chéile níos luaithe.

| **CEIST 1** | **CEIST 2** | **CEIST 3** | **CEIST 4** | **CEIST 5** | **CEIST 6** |
|---|---|---|---|---|---|
| Cad is ainm don phríomhcharachtar? | Cathain a tharla an scéal seo? (fadó/amach anseo …) | Cén áit a bhfuil an scéal suite? (scoil/ sráid/bad …) | Cad atá ar siúl ag an bpríomhcharachtar agus cad a chaithfidh sé nó sí a dhéanamh? | Scríobh amach an chéad abairt ar leathanach 10. | Cad í an abairt dheireanach sa scéal seo, dar leat? (Ná féach ar an leathanach deireanach!) |

Gearr suas agus measc suas iad.

Anois gheobhaidh gach grúpa Ceist 1 amháin, Ceist 2 amháin, srl.

Léifidh siad an stiall nua atá acu anois agus cumfaidh scéal nua.

Is féidir an scéal a léiriú i bpictiúir, a dhéanamh ó bhéal nó a scríobh amach.

Agus na páistí ag tosú amach ar an ngníomhaíocht seo, tabhair cúpla nath úsáideach dóibh:

Fadó, fadó,

Tráth den saol,

Ar dtús …

Tar éis tamaill …

I bpreabadh na súl …

Sa deireadh …

Ina dhiaidh sin, is féidir leis na páistí nathanna a thaitníonn leo ó scéalta a bhailiú le chéile agus iad a úsáid nuair atá scéal á insint acu.

# An Líne is Fearr

Agus tú ag léamh sleachta nó leathanaigh, tabhair aird faoi leith ar an bhfoclaíocht a roghnaigh an t-údar. An dtaitníonn sí leat? Cén fáth?

Téigh siar ar an sliocht arís chun cúpla líne speisialta a roghnú. Is féidir fótachóip a dhéanamh de leathanach amháin ó úrscéal do na ranganna sinsearacha.

- Roghnaigh an líne is fearr leat sa scéal
- Roghnaigh an líne is faide
- Roghnaigh líne ina bhfuil briathar suimiúil
- Roghnaigh líne ina bhfuil cur síos an-soiléir ar an gcarachtar
- Roghnaigh líne ina bhfuil teannas le brath

Do scríbhneoirí cumasacha, is féidir nath a roghnú ó gach leathanach.

Coinnigh greim ar na línte speisialta seo. Beidh tú in ann iad a úsáid mar spreagadh nuair a bheidh tú ag cumadh scéil ar ball!

# Línte Spreagúla

Bailigh le chéile na focail ón bpóstaer Céad Míle Focal Romhat, agus na línte a thaitníonn leat ó scéalta éagsúla.

Tá spreagadh agat do scéal nó dán eile!

Suaith na línte ar fad. Roghnaigh nath amháin agus bain úsáid as sin chun do scéal/dhán féin a chumadh.

Anois, roghnaigh trí fhocal agus déan iarracht iad a shníomh isteach sa scéal/dán.

Roghnaigh péire focal eile. Cá dtéann siad sa scéal/dán nua seo?

Roghnaigh nath eile. An féidir leat an nath seo a shníomh isteach ag deireadh an scéil/dáin?

# Mo Scéal Féin

Do ranganna sinsearacha, is féidir le gach duine/gach duine sa ghrúpa abairt a roghnú ón gcéad leathanach den leabhar, ansin abairt ó leathanach randamach den scéal, agus ansin abairt ón leathanach deireanach.

Anois go bhfuil na trí abairt sin agat, tá ábhar scéil agat. An féidir leat smaoineamh ar scéal nua?

# Pictiúrleabhar agus Bunstruchtúr Scéil

Is féidir an-úsáid a bhaint as pictiúrleabhair chun bunstruchtúr scéil a thuiscint, i.e. chun an chéad radharc, an casadh sa scéal, agus an réiteach ar an bhfadhb a thuiscint.

Breathnaigh ar na pictiúrleabhair sa Bhosca Leabharlainne agus smaoinigh ar na ceisteanna seo a leanas:

- Cé hé/hí an príomhcharachtar?
- Cén deacracht atá ag an bpríomhcharachtar ar dtús?
- Conas a thugann sé nó sí aghaidh ar an deacracht sin?
- An bhfuil aon chasadh sa scéal?
- An féidir leat lárphointe an scéil a aithint?
- Ag an deireadh, cén t-athrú atá tagtha ar an bpríomhcharachtar?
- An féidir na trí radharc a aimsiú?

Nuair a thuigeann tú bunstruchtúr an scéil is féidir leat do scéal féin a scríobh!


TURAISTE AR AN
TITANIC
An Bosca
Leabharlainne

# Rannóg 6: Léigh Leat le Linn an Lae

Bíonn go leor deiseanna ann an Bosca Leabharlainne a úsáid i rith an lae agus in ábhair éagsúla. Tá moltaí thíos faoi roinnt ábhair churaclaim faoi leith.

## Drámaíocht

Is féidir an-leas a bhaint as an mBosca Leabharlainne nuair atá ceacht drámaíochta ar siúl agat nó más maith leat an drámaíocht a úsáid mar mhodheolaíocht in ábhar eile.

### Amharclann na Léitheoirí

Tar éis duit scéal a léamh, tá sé in am duit an scéal a léiriú! Ach níl aon ghá le feistis ná le hardán.

In Amharclann na Léitheoirí, glacann grúpa an ról céanna, mar shampla, glacann grúpa amháin ról an phríomhcharachtair. Glacann grúpa eile ról carachtair eile, agus glacann grúpa eile ról an reacaire.

Oireann an cur chuige seo go mór do scéalta ina bhfuil go leor dialóige. Má tá an scéal an-fhada, is féidir sleachta as a roghnú.

Cuir an 'script' nó leathanaigh ón scéal ar taispeáint ar an gclár bán idirghníomhach. Úsáid dath difriúil chun an ról atá ag gach grúpa a aibhsiú.

Mura bhfuil clár bán idirghníomhach agat, tabhair fótachóip de na leathanaigh do gach grúpa. Iarr orthu a línte a aibhsiú.

Agus anois tá sé in am don léiriú!

Glacann gach grúpa páirt sa léiriú agus léann siad amach a gcuid línte go cumasach. Tugann siad bualadh bos mór dóibh féin ag an deireadh.

Má bhíonn fonn ar na páistí, is féidir leo Amharclann na Léitheoirí a chur ar siúl do rang eile.

### Amharclann na bPuipéad, 1

Is féidir leis na páistí puipéad a dhearadh iad féin bunaithe ar charachtar a thaitníonn leo ón scéal.

Is féidir pictiúr a dhéanamh den charachtar agus é a ghreamú de chipín líreacáin.

Cuir cúpla ceist ar an bpuipéad. Cad is ainm duit? Cá bhfuil tú i do chónaí?

Léigh an scéal (nó sliocht as an scéal) arís leis na páistí.

Nuair a chloiseann siad ainm a gcarachtair, cuirfidh siad an puipéad suas san aer.

### Amharclann na bPuipéad, 2

Is féidir leis na páistí puipéad a dhearadh iad féin bunaithe ar charachtair uile an scéil.

Léigh an scéal (nó sliocht as an scéal) arís leis na páistí.

Cé hiad na carachtair eile atá sa scéal nó sa sliocht seo?

Ina ngrúpaí, iarr orthu puipéad a dhéanamh de gach carachtar sa scéal nó sa sliocht. Nó is féidir leis an rang na puipéid a rinne siad níos luaithe a úsáid.

Cén dath atá ar a chuid súl? Cén dath atá ar a chuid gruaige? Cad a chaitheann sé? Nuair atá sé réidh, gearr amach é agus greamaigh de chipín líreacáin é.

Cuir cúpla ceist ar na puipéid éagsúla. Cad is ainm duit? Cá bhfuil tú i do chónaí? Cad is maith leat a dhéanamh?

Pioc suas na puipéid, duine ar dhuine. Cuir in iúl don rang é. 'Is mise X. Tá mé i mo chónaí in Y. Is breá liom Z a dhéanamh.'

I ranganna sóisearacha, is féidir leatsa an scéal a insint. Tá puipéad amháin ag gach páiste agus aon uair a chloiseann sé nó sí an carachtar sin sa scéal, cuireann sé nó sí an puipéad suas san aer.

Sna ranganna sinsearacha, iarr orthu na puipéid a úsáid chun an scéal a insint.

### Rólimirt

Is féidir leis na páistí dhá phuipéad a roghnú.

I ranganna sinsearacha is féidir beirt charachtar a roghnú ón scéal, nó dhá phróifíl ar charachtair a rinne siad a roghnú.

Cad atá ar eolas againn faoin gcarachtar seo? Cad as dó? Cén aois é? Cad is maith leis? Cad nach maith leis?

Ansin, glacfaidh duine amháin ról carachtair amháin agus glacfaidh an duine eile ról an charachtair eile.

Beidh puipéad amháin i lámha gach duine. Anois cuir na carachtair seo ag caint lena chéile!

# Na hAmharcealaíona

Is féidir an-leas a bhaint as pictiúrleabhair mar spreagadh ealaíne agus chun breathnú ar ealaín agus freagairt di.

## Siúlóid Phictiúir

Oscail an leabhar agus tóg 'siúlóid' tríd an leabhar. Téigh ó leathanach go leathanach, ó léaráid go léaráid.

Cad a tharlaíonn sa scéal seo? Cá bhfuil sé suite? Cé atá ann? An bhfuil aistear i gceist?

## Comhrá Ealaíonta faoi Phictiúrleabhair

Is féidir úsáid a bhaint as pictiúrleabhar le páistí sna ranganna sinsearacha chun comhrá ealaíonta a thosú. Tugann na gníomhaíochtaí deis don léitheoir díriú ar ghnéithe éagsúla den téacs, mar shampla, an gaol idir an léaráid agus an téacs, agus an teicníc mhaisithe.

Tá líníocht ar ardchaighdeán in an-chuid leabhair do pháistí, agus is féidir an-chomhrá a dhéanamh faoin scéal sula léann tú focal ar bith. Seo thíos cúpla moladh bunaithe ar mhaisiú Andrew Whitson. Is féidir na ceisteanna seo a leanas a úsáid mar spreagadh.

- Breathnaigh ar na léaráidí
- Cén cineál stíle atá in úsáid?
- An úsáideann an maisitheoir peann luaidhe nó scuab phéinteála, meas tú?
- An mbaineann sé úsáid as ríomhaire chun na pictiúir a ullmhú?
- An bhfeiceann tú aon teicnící suimiúla sa mhaisiú? An bhfuil scáthú ann?
- Aimsigh an radharc is fearr leat sa scéal
- Cad a cheapann tú faoin gclúdach?
- An bhfuil aon léaráid eile ann ba mhaith leatsa a chur ar an gclúdach?

## Lean leis an Léaráid

Déan fótachóip de léaráid amháin den scéal ACH ná taispeáin ach leath di don rang!

Iarr orthu é a ghreamú de phíosa páipéir bháin agus an pictiúr a chríochnú ar a rogha bealach chun an scéal a insint.

## Ceol

Is féidir úsáid a bhaint as na leabhair amhrán sa cheacht ceoil.

An bhfuil an ceol tapa nó mall?

An gcloiseann tú aon uirlis cheoil?

An féidir leat na buillí a chloisteáil? An féidir leat bualadh bos a dhéanamh agus tú ag éisteacht leis?

Ar mhaith leat dreas damhsa a dhéanamh leis?

## Fuaimrian a Chumadh

Ní bhíonn ceol ag dul le gach scéal, ar ndóigh, ach an féidir leat fuaimrian a roghnú le cur le radharc faoi leith?

An mbeadh an ceol seo tapa nó mall?

An mbeadh sé bog nó glórach?

Cén rithim a bheadh leis?

## Rap a Chumadh

Oireann rap go háirithe do na scéalta a bhfuil rithim fhileata ina n-insint.

Is féidir tosú leis na hamhráin sna leabhair *Bliain na nAmhrán* nó *Ceol na Sióg* agus an curfá a chleachtadh mar rang.

Ansin iarr ar an rang rap a chumadh.

## Rap Bunaithe ar an Teideal

Is féidir do rap féin a chumadh bunaithe ar an teideal, mar shampla, an scéal *Cluasa Capaill an Rí*.

'Cluasa capaill an rí, hé, hé, hí, hí.'

Iarr ar an rang eachtraí ón scéal a rá.

Ansin tiocfaidh siad go léir isteach leis an líne 'Cluasa capaill an rí, hé, hé, hí, hí.'

'Rugadh páiste le cluasa speisialta.

Cluasa capaill an rí, hé, hé, hí, hí.

Níor thaitin siad leis ar chor ar bith.

Cluasa capaill an rí, hé, hé, hí, hí.'

An féidir leat véarsa eile a chur leis?

Is féidir rap a bhunú ar nathanna cainte sa scéal, ar phríomhtheachtaireacht an scéil, nó ar na fuaimeanna atá ann. Úsáid an chuid seo den scéal mar churfá mar a bhí in 'Cluasa capaill an rí, hé, hé, hí, hí' thuas.

# Leabhar mar Spreagadh do Thionscnamh OSIE

Is féidir roinnt leabhar sa Bhosca Leabharlainne a léamh agus ansin tuilleadh taighde a dhéanamh.

## An Béaloideas

Roghnaigh leabhar ina bhfuil seanscéalta nó traidisiúin, mar shampla, *An Eala Órga* nó *Sin Iad na Rudaí* nó *Jimín*.

Faigh níos mó eolais ar an idirlíon nó ó leabhair eile maidir leis an ábhar sin. Mar shampla, faigh eolas ar an Nollaig fadó in Éirinn, no lorg scéalta eile ar dúchas.ie

Bailigh scéalta ó Mhamó nó ó Dhaideo nó ó dhuine sa bhaile. Ar chuala tú an scéal sin cheana?

Cuir na scéalta béaloidis ó thíortha eile i gcomparáid le scéalta béaloidis ó Éirinn.

An bhfuil scéal cosúil leis sin ó aon tír eile?

## Ceisteanna faoin Domhan Mór

Pléann roinnt scéalta leis an domhan mór.

Tar éis duit *Míp* a léamh, faigh eolas faoi na pláinéid sa ghrianchóras. Cruthaigh móibíl leis an ngrianchóras ar fad le cur ar taispeáint sa rang.

Tar éis duit *Sárú* a léamh, faigh eolas faoin athrú aeráide agus faoin méid is féidir leatsa a dhéanamh.

## An Gairdín Gaelach

Is féidir roinnt scéalta a úsáid chun eolas a chur ar an timpeallacht. Tóg an leabhar féin agus na páistí amach chuig gairdín na scoile agus léigh leat!

Tar éis duit *Ó Bhó, na Beacha* agus *Gairdín Mháire na mBláth* a léamh, faigh amach ainmneacha Gaeilge na bplandaí agus na mbláthanna thart timpeall ort.

Cé mhéad bláth atá ar eolas agatsa as Gaeilge? Cad a thugann tú faoi deara faoi na hainmneacha Gaeilge? An gcuireann siad síos ar chruth an bhlátha? An léiríonn siad aon rud faoin miotas a bhaineann leo?

Cruthaigh leabhar faoi na bláthanna thart timpeall ort. Cén uair sa bhliain a thagann siad faoi bhláth?

Cruthaigh leabhar faoi na feithidí (beacha/féileacáin, srl.) Conas is féidir aire a thabhairt dóibh?

Cruthaigh do ghairdín Gaelach féin anois. Bain úsáid as cairtchlár nó seanbhosca calóg arbhair. Is féidir pictiúir de na bláthanna agus na feithidí a ghreamú den chairtchlár.

Má tá gairdín scoile agat, tabhair deis do na páistí dul timpeall ag breathnú ar na bláthanna agus á mbolú. Tabhair ainm Gaelach ar na bláthanna ar fad.

## Síol Scéil

Cuir síol beag sa talamh agus cum scéal an tsíl sin. 'Is mise Neansaí Nóinín. Tá sé dorcha thíos sa chré. Ba mhaith liom mo cheann a ghobadh amach!'

## Feithidí Fileata

Is féidir scéal beag a chumadh faoi na feithidí a bhí sa scéal nó atá sa Ghairdín Gaelach. Filiméana Féileacán/Billí Beach/ Síle Seangán.

## Lean Ort ag Léamh!

Má thaitníonn an t-údar/maisitheoir leat, faigh eolas faoi leabhair eile a scríobh an t-údar nó leabhair eile a rinne an maisitheoir.

Ar mhaith leat an scéal sin a léamh anois?

# Achoimrí agus Aois Léitheoireachta

Tá sé deacair aois léitheoireachta a chur ar na leabhair seo. Oireann pictiúrleabhair d'aois ar bith agus i gcás go leor de na leabhair eile sa dá bhosca braitheann sé ar aois léitheoireachta an pháiste. B'fhéidir nach ionann aois léitheoireachta an pháiste sa Ghaeilge agus sa Bhéarla.

Fiú má tá aois léitheoireachta Gaeilge ard ag na daltaí scoile, ná bíodh aon leisce ort tosú le leabhair an-simplí. Má fhéachann tú ar na gníomhaíochtaí agus na cluichí a bhaineann leis na pictiúrleabhair, feicfidh tú go bhfuil na cluichí oiriúnach d'aois ar bith (suas chomh fada le Rang 6).

Mar threoir an-gharbh tá grádú déanta agam ar na leabhair ó 1 go 5.

1 = an-éasca le léamh; 5 = oiriúnach do léitheoir atá líofa sa Ghaeilge

Tá go leor de na leabhair seo idir dhá ghrád ach tá súil agam go gcabhróidh an treoir seo libh.

Maidir leis an dá leabhar ceoil agus amhránaíochta, níl grádú ar bith déanta orthu. Baineann ceol agus amhránaíocht le gach aois agus gach caighdeán Gaeilge.

Tá dhá Bhosca Leabharlainne éagsúil ann – bosca amháin atá dírithe ar scoileanna a fheidhmíonn tré mheán an Bhéarla agus bosca eile atá dírithe ar scoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta. Sa dara bosca, tá níos mó leabhar atá dírithe ar pháistí a bhfuil taithí acu ar a bheith ag léamh as Gaeilge.

Má tá leabhair bhreise á gceannach agaibh, b'fhéidir go gcabhróidh na hachoimrí thíos libh.




**GRÁINNE HOLLAND maisithe ag MR ANDO**

## CEOL NA SIÓG

AN tSNÁTHAID MHÓR (CLÚDACH CRUA AGUS CD) 22LCH ISBN 978191292913

Tugann na sióga cuireadh dúinn féachaint ar an draíocht a bhaineann leis na bláthanna, na crainn, na hainmhithe, na héin agus le gach uile ghné den domhan nádúrtha. Bainfidh páistí de gach aois spraoi as na hamhráin agus as bheith ag féachaint ar na léaráidí gleoite, is cuma cén cumas atá acu sa Ghaeilge. Spreagfaidh an leabhar seo spéis sa dúlra, sa cheol agus san ealaíon. Ceol aoibhinn mar chúlra don am léitheoireachta.





**TADHG MAC DHONNAGÁIN maisithe ag TARSILA KRÜSE, JENNIFER FARLEY, BRIAN FITZPATRICK agus CHRISTINA O'DONOVAN**

## BLIAIN NA nAMHRÁN

FUTA FATA 2016 (CLÚDACH CRUA AGUS CD) 56LCH ISBN 9781910945216

Ceithre shéasúr, ceathrar ealaíontóirí agus fiche amhrán faoi na séasúir éagsúla. Oiriúnach do gach aois agus gach caighdeán Gaeilge. Ábhar cainte, ábhar ceoil agus ábhar ealaíne anseo. Bainfidh páistí an-taitneamh as na hamhráin éagsúla faoi na huainíní beaga ag damhsa, na páistí ag spraoi ar an trá agus an domhan faoi bhrat sneachta sa gheimhreadh. Cúlra iontach don am léitheoireachta.





**MARY ARRIGAN**

## MAMÓ AR AN FHEIRM

AN GÚM, FORAS NA GAEILGE 1996 (CLÚDACH BOG) 20LCH ISBN 9781857911671

Is cuma cén áit a dtéann Mamó leanann trioblóid í! Agus í ar an trá scanraigh sí na héisc; ag an sorcas chuir sí isteach ar na fir ghrinn. Anois agus í ar an bhfeirm, scanraíonn sí na hainmhithe go léir agus ofrálann sí ispíní do na muca bochta! B'fhéidir go bhféadfadh an léitheoir Mamó a shamhlú áit éigin eile. Cén dochar a dhéanfadh Mamó dá dtiocfadh sí ar scoil? Dá mbeadh sí ina múinteoir scoile? **(1)**




**GEMMA BREATHNACH maisithe ag TARSILA KRÜSE**

## PERCY PÉACÓG

FUTA FATA 2018 (CLÚDACH BOG) 32LCH ISBN 9781910945414

Tá Percy Péacóg an-chúthail. Ní maith leis daoine a bheith ag féachaint air féin ná ar a eireaball álainn. Nuair a thugann an t-eireaball álainn ildaite Órla Ostrais slán ó thimpiste bóthair, áfach, is ansin a thuigeann Percy go bhfuil sé speisialta, go bhfuil bua ar leith ag baint leis an eireaball agus gur cheart dó a bheith bródúil as. Scéal álainn a léiríonn go bhfuil bua ar leith ag gach duine. **(1)**





**PAULINE DEVINE maisithe ag RÓSÍN CURÉ**

## Ó BHÓ, NA BEACHA

AN GÚM, FORAS NA GAEILGE (CLÚDACH CRUA) 40LCH ISBN 9781857919714

Tá teach na mbeach (an choirceog) briste. Tá na beacha crosta agus buartha. Caithfidh siad aire a thabhairt don bhanríon. Níl Mamó ag iarraidh go n-imeoidh na beacha ón ngairdín. Cabhraíonn Cat, Circín agus ainmhithe eile léi teach sealadach a fháil do na beacha agus an choirceog a dheisiú. Go leor ábhar cainte sa scéal agus sna léaráidí faoin tábhacht a bhaineann leis na beacha. **(1)**




**SADHBH DEVLIN maisithe ag RÓISÍN HAHESSY**

## BEAG BÍDEACH

FUTA FATA 2019 (CLÚDACH BOG) 32LCH ISBN 9781910945407

Cad í mian do chroí? Ar mhaith leat a bheith beag bídeach? Ar mhaith leat a bheith chomh beag sin go bhféadfá éalú ó do dheartháir beag isteach sa teach bábóige? Sin a theastaíonn ó Nina. Ach ní mar a shíltear a bhítear! Níl blas ar bith ar an mbia plaisteach. Ní féidir spraoi le cairde beaga plaisteacha. Scéal deas é seo chun an caidreamh idir deirfiúracha agus deartháireacha a phlé. **(1)**





**SADHBH DEVLIN maisithe ag RÓISÍN HAHESSY**

## GEANSAÍ OTTÓ

FUTA FATA 2020 (CLÚDACH BOG) 32LCH ISBN 9781910945872

Tá *stíl* dá chuid féin ag Ottó. Is breá leis éadaí deasa ach ní thuigeann Mamó cúrsaí faisin. Cad is féidir leis a dhéanamh nuair a chniotálann Mamó geansaí gránna eile dó? Geansaí eile *scríobach scrábach*. Caithfidh Ottó labhairt léi. Ach bíonn sé deacair labhairt le duine a chuireann an oiread sin grá isteach i ngeansaí! Bainfidh páistí de gach aois gáire as an bpictiúrleabhar spraíúil seo. **(1)**




**MALACHY DOYLE maisithe ag MR ANDO**

## MUIREANN AGUS AN TEACH SOLAIS

AN tSNÁTHAID MHÓR 2020 (CLÚDACH CRUA) 32LCH ISBN 9781912929061

Beidh meas ag páistí de gach aois ar Mhuireann. Cailín beag cróga í a bhíonn i gcónaí réidh le teacht i gcabhair ar dhaoine eile. Nuair nach bhfuil an solas ag obair sa teach solais, tuigeann sí go gcaithfear an fhadhb a réiteach gan mhoill le go mbeidh a hathair agus na hiascairí eile in ann teacht slán abhaile. Fíricí suimiúla ar deireadh an scéil faoi thithe solais. **(1)**





**TATYANA FEENEY**

## GAIRDÍN MHÁIRE NA mBLÁTH

AN GÚM, FORAS NA GAEILGE 2021 (CLÚDACH BOG) 32LCH ISBN 9781857919721

Cá mbeimis gan na beacha? Caithfear bláthanna a chur ag fás dóibh. Níl planda ná bláth le feiceáil i Scoil Naomh Pádraig ach tagann Máire na mBláth i gcabhair ar na páistí.

Bainfidh páistí sult as na léaráidí áille, foghlaimeoidh siad faoi na bláthanna agus b'fhéidir go dtosóidh siad ag cur spéis i ngairdín na scoile freisin. D'fhéadfaí tionscadal garraíodóireachta a bhunú ar an leabhar álainn seo. **(1)**




**SIOBHÁN GROGAN maisithe ag RÓISÍN CURÉ**

## CAOIMHE AGUS AN BOGHA BÁISTÍ

AN GÚM, FORAS NA GAEILGE 2011 (CLÚDACH CRUA) 28LCH ISBN 9781857918069

An maith leatsa torthaí? An bhfuil a fhios agat conas bogha báistí a dhéanamh astu?

Ní maith le Caoimhe torthaí ach tá seift iontach ag Mamaí. Ar mhaith le Caoimhe bogha báistí a ithe? Banana buí, úll glas, fraocháin ghorma, caora fíniúna corcra, srl. Bealach álainn le dathanna a fhoghlaim agus ábhar cainte anseo faoi bhia, faoin mbricfeasta agus faoin mbosca lóin. **(1)**




**MUIREANN Ní CHÍOBHÁIN maisithe ag PADDY DONNELLY**

## SCÚNC AGUS SMÚIRÍN

FUTA FATA 2019 (CLÚDACH BOG) 32LCH ISBN 9781910945810

An raibh teidí nó blaincéad nó bréagán bog speisialta agat riamh i do shaol? An raibh boladh speisialta uaidh? Cá bhfuair sé an boladh sin? Tá grá mór ag Scúnc dá bhréagán Smúirín agus bíonn sé trína chéile nuair a chailleann Smúirín an boladh speisialta sin. B'fhéidir go mbeidh Mamaí in ann teacht i gcabhair air. Ábhar cainte anseo faoi bhréagáin, faoin óige agus faoin ngrá. **(1)**




**ÁINE Ní GHLINN maisithe ag LAURA JANE PHELAN**

## CINNÍN ÓIR AGUS NA TRÍ BHÉAR

AN GÚM, FORAS NA GAEILGE 2017 (CLÚDACH CRUA) 36LCH ISBN 9781857919356

Athinsint an-simplí ar an seanscéal faoin gcailín óg a théann isteach sa teach agus na trí bhéar amuigh ag siúl. Níl Babaí Béar róshásta gur bhlais sí den leite, gur bhris sí an chathaoir agus go bhfuil sí anois ina leaba. Béim ar rím agus véarsaíocht, ar athrá agus spraoi. D'fhéadfadh páiste óg an leabhar a léamh agus féachaint ar an bhfíseán atá ar fáil ar YouTube. **(1)**




**LIAM PRÚT maisithe ag RÓISÍN CURÉ**

## CROGAILLÍN

AN GÚM, FORAS NA GAEILGE 2014 (CLÚDACH CRUA) 28LCH ISBN 9781857918366

Tá i bhfad níos mó fiacla ag Crogaillín anois ná mar a bhí aige agus é ina chrogaillín beag. Bíonn níos mó oibre i gceist le hiad a ní ach caithfidh Crogaillín foghlaim conas na fiacla go léir a ní i gceart agus cén bia is fearr chun na fiacla a choimeád sláintiúil. Ábhar cainte anseo faoi ainmhithe éagsúla, faoi ainmhithe an zú, chomh maith le hábhar plé faoi chúrsaí sláinte agus faoin bhfiaclóir. **(1)**




**MÁIRE ZEPF maisithe ag ANDREW WHITSON**

## RÍTA AGUS AN LAMPA DRAÍOCHTA

AN tSNÁTHAID MHÓR 2020 (CLÚDACH CRUA) 32LCH ISBN 9781912929108

Is cailín beag í Ríta ach bíonn smaointe móra aici i gcónaí. An uair seo, ba bhreá léi lampa draíochta a bheith aici. Déanann ginid an lampa pé rud a iarrann tú. Bheadh sé sin thar cionn ar fad ach cad a tharlódh dá gcuimleodh duine eile an lampa? Bainfidh páistí de gach aois spraoi as an bpictiúrleabhar seo agus d'fhéadfaí go leor scéalta eile a léamh (nó a chumadh) faoi Ríta. **(1)**




**PATRICIA FORDE maisithe ag JOËLLE DREIDMY**

## LISÍN: SCOIL NA bPÁISTÍ DEASA

FUTA FATA 2012 (CLÚDACH BOG) 48LCH ISBN 9781906907587

Foghlaí mara agus banlaoch óg is ea Lisín. Bhí sí sona sásta lena saol ar bord *An Dragún Draíochta* agus í ag imirt cluichí ar nós *Siúil an Plainc* le Mamó. Anois, áfach, caithfidh sí dul ar scoil. Deir Mam léi go gcaithfidh sí foghlaithe mara a dhéanamh as na páistí eile i Scoil na bPáistí Deasa. Dúshlán an-mhór ar fad! Ar mhaith leis an léitheoir foghlaí mara a bheith sa rang? **(2)**





**JOHN ÓG HIÚDAÍ NEIDÍ Ó COLLA maisithe ag KIM SHARKEY**

## MÓR AGUS MUILC

ÉABHLÓID 2019 (CLÚDACH CRUA) 36LCH ISBN 9780995611993

Scéal béaloidis ó Thír Chonaill faoi bheirt charachtar, Mór agus Muilc. Leanaimid a gcuid eachtraí tar éis dóibh bualadh le portán ar an trá. Deir an foilsitheoir go bhfuil an scéal seo *chomh sean leis an gceo ach chomh fíor inniu agus a bhí an chéad lá a dúradh é*. B'fhéidir go ndéanfadh páistí seanscéalta a bhailiú faoina gceantar féin. B'fhéidir go dtabharfadh na léaráidí spreagadh dóibh a seanscéalta féin a mhaisiú. **(2)**





**ÚNA LEAVY maisithe ag MAEVE KELLY**

## DEIRDRE AGUS AN FEAR BRÉIGE

THE O'BRIEN PRESS 2001 (CLÚDACH BOG) 96LCH ISBN 9780862787134

Tá sceitimíní ar Dheirdre nuair a fhaigheann sí ról na banríona sa dráma scoile. Caithfidh sí coróin a dhéanamh. Cabhraíonn sí le Daidí fear bréige a dhéanamh don ghairdín agus cabhraíonn Mamaí agus Daidí léi coróin a dhéanamh don dráma. Nuair a dhúisíonn sí ar maidin, áfach, níl an choróin le feiceáil áit ar bith. Scéal deas simplí faoi chabhrú le daoine eile agus faoi bheith ag obair le chéile. **(2)**





**MÁIRE Ní GHALLCHOBHAIR maisithe ag PETER DONNELLY**

## AN MEAISÍN AMA

LEABHAR BREAC 2013 (CLÚDACH BOG) 40LCH ISBN 9789944552790

Tá Jeaic ag foghlaim faoi na seanGhaeil ar scoil. Nár dheas a bheith in ann taisteal siar in am agus bualadh leis na seanlaochra seo? Dá mbeadh meaisín ama ag duine, d'fhéadfadh sé a leithéid a dhéanamh. Caitheann Jeaic an tráthnóna ar fad ag obair ar an meaisín ama. Bíonn turas spéisiúil aige féin agus a mhadra. Ach céard a tharlaíonn do Mhamaí nuair a thugann sise cuairt ar na seanGhaeil? Cá rachadh tusa dá mbeadh meaisín ama agat? **(2)**





**MÁIRE Ní GHALLCHOBHAIR maisithe ag PETER DONNELLY**

## PÚCA SA TEACH

LEABHAR BREAC 2016 (CLÚDACH BOG) 40LCH ISBN 9781909907737

Eolaí óg is ea Jeaic. Is aoibhinn leis a bheith ag meascadh ceimicí éagsúla. Tá deoch ceimice nua déanta aige – deoch a dhéanfadh dofheicthe thú. Nuair a thugann sé an deoch seo dá mhadra, Lúlú, téann an madra dofheicthe isteach sa teach. Nuair a bhaintear tuisle as Mamaí ar Lúlú, ceapann Mamaí bhocht go bhfuil púca sa teach. Scéal spraíúil a chuirfidh páistí ag gáire. **(2)**





**ÁINE Ní GHLINN maisithe ag AILEEN CAFFREY**

## MONCAÍ DÁNA

THE O'BRIEN PRESS 2002 (CLÚDACH BOG) 64LCH ISBN 9780862787905

Nuair a thosaíonn Colm á thochas féin agus ag ligean air gur moncaí é tar éis cuairt a thabhairt ar an zú, ceapann Mamaí go bhfuil sé greannmhar ar dtús. Ach nuair a leanann sé ar aghaidh agus ar aghaidh leis agus nuair nach n-íosfaidh Colm rud ar bith seachas bananaí, caithfidh Mamaí agus Daidí teacht ar réiteach. Scéal spraíúil a chuirfidh páistí ag gáire (agus ag tochas, b'fhéidir). **(2)**





**ÁINE NÍ GHLINN maisithe ag PAUL BOLGER**

### THAR AN TRASNÁN

THE O'BRIEN PRESS 2011 (CLÚDACH BOG) 64LCH ISBN 9781847172457

Tá cluiche peile ar siúl i Rang a Sé. Buachaillí in aghaidh cailíní. *Níl ann ach spraoi* a deir gach duine. Ach ní aontaíonn Eoghan leo. Caithfidh sé a thaispeáint go bhfuil sé féin ar an imreoir is fearr agus is láidre sa scoil. Ní thuigeann sé cúrsaí foirne. Ní thuigeann sé an focal *spraoi*. Go leor le plé anseo faoin tábhacht a bhaineann le taitneamh a bhaint as cúrsaí spóirt. **(2)**





**CAITRÍONA Ní MHURCHÚ maisithe ag TATYANA FEENEY**

### AN RÚN MÓR

THE O'BRIEN PRESS 2007 (CLÚDACH BOG) 64LCH ISBN 9781847170163

Is aoibhinn le Mailí cait. Ba bhreá léi a cat féin a bheith aici agus tá pictiúir de chait ar fud na mballaí ina seomra codlata aici. Ní féidir léi a cat féin a fháil, áfach, mar go mbeadh gach duine sa teach tinn. Tá an-bhrón ar Mhailí ach tá plean dá cuid féin aici. Leabhar deas, simplí agus éasca le léamh. Go leor le plé anseo faoi pheataí. **(2)**





**DARACH Ó SCOLAÍ**

### AN BRADÁN FEASA

LEABHAR BREAC 2009 (CLÚDACH BOG) 40LCH ISBN 9780898332421

Seo an chéad leabhar sa tsraith *Fionn*, sraith ina ndéantar athinsint ar sheanscéalta móra faoi Fhionn Mac Cumhaill agus na Fianna. Sa scéal seo, chonaic Fionn óg seanfhear darbh ainm Fionnéigeas ag iascaireacht. Rug Fionnéigeas ar bhradán speisialta – an Bradán Feasa. An chéad duine a bhlaisfeadh den bhradán seo, bheadh fios agus eolas aige. Ábhar plé anseo faoi sheanscéalta eile na hÉireann. **(2)**





**MÁIRE ZEPF maisithe ag PADDY DONNELLY**

### MÍP

FUTA FATA 2020 (CLÚDACH BOG) 32LCH ISBN 9781910945865

An bhfuil aon duine amuigh ansin? An bhfuil eachtráin ar aon phláinéad eile? Tá an róbat beag, Míp, ag dul go Mars lena fháil amach an bhfuil eachtráin ina gcónaí ann. Ní fheiceann Míp oiread is eachtrán amháin agus níl eachtrán ar bith le feiceáil sna pictiúir a sheolann sí abhaile. Scéal eile ar fad atá le feiceáil sna léaráidí, áfach. Ábhar cainte agus ábhar spraoi sa leabhar álainn seo. **(2)**




**BRIDGET BHREATHNACH maisithe ag SHONA SHIRLEY MACDONALD**

### CLUASA CAPAILL AR AN RÍ

FUTA FATA 2021 (CLÚDACH CRUA) 48LCH ISBN 9781910945605

Tá an rí agus an bhanríon an-bhuartha. Tá cluasa capaill ar a mbaibín nua. Conas is féidir an rún seo a choinneáil? Téann bearbóirí isteach sa chaisleán chun gruaig an phrionsa a ghearradh ach ní fheictear iad ag teacht amach arís. Ar deireadh, áfach, caithfear an fhírinne a insint. Athinsint álainn ar an seanscéal cáiliúil faoi chluasa capaill a bheith ar Labhraidh Loingseach. D'fhéadfaí seanscéalta eile a léamh ina dhiaidh seo. **(3)**




**PATRICIA FORDE maisithe ag JOHN WHITE**

## AR STRAE

FUTA FATA 2019 (CLÚDACH BOG) 48LCH ISBN 9781910945513

Tagann Nizar agus a mhuintir go hÉirinn ón tSiria agus cuirtear isteach in óstán iad. Ceapann Nizar ar dtús go mbeidh sé go hiontach a bheith ina chónaí in óstán ach foghlaimíonn sé go caithfidh siad cloí leis na rialacha. Ceann de na rialacha ná nach bhfuil cead peataí a bheith agat san óstán. Cad a tharlaíonn nuair a thagann Nizar ar mhadra strae ar an mbóthar? Ábhar machnaimh anseo faoi chóras an tSoláthair Dhírigh. **(3)**




**AOIFE Ní DHUFAIGH**

## SÍSCÉALTA LIOS LURGAIN: ÉALÚ AS AN LIOS

LEABHAR BREAC 2016 (CLÚDACH BOG) 48LCH ISBN 9781909907966

Tá cónaí ar Luisne faoi Lios Lurgain i nDomhan na Sí. Tá sí fiosrach faoin Domhan Thuas (nó Domhan na nDaoine). Nuair a aimsíonn sí féin agus a cara, Deirdre, bealach rúnda idir Domhan na Sí agus an Domhan Thuas, feiceann siad go leor rudaí spéisiúla ach ní fada go mbeidh siad i dtrioblóid. Scéal spraíúil, álainn faoi na sióga. D'fhéadfaí scéalta eile faoi na sióga a léamh ar dúchas.ie **(3)**




**AILBHE NIC GIOLLA BHRIGHDE**

## GO CEANN SCRÍBE

FUTA FATA 2021 (CLÚDACH BOG) 72LCH ISBN 9781910945520

Níl Mamaí agus Daidí ag réiteach lena chéile sa bhaile. Níl Maidhcí agus Joe ag réiteach lena chéile ar scoil agus iad in ainm is a bheith ag obair lena chéile chun róbat a dhéanamh do chomórtas náisiúnta. An mbeidh siad go léir in ann teacht ar réiteach? An mbeidh ar Mhaidhcí foghlaim conas déileáil leis an athrú saoil atá I ndán dó? Ábhar machnaimh anseo faoi scaradh agus athrú saoil. **(3)**





**COLMÁN Ó RAGHALLAIGH maisithe ag ANNE MARIE CARROLL**

## RÍRÁ LE RUAIRÍ

CLÓ MHAIGH EO 2007 (CLÚDACH BOG) 63LCH ISBN 9781899922246

Is cuma cá háit a dtéann Ruairí bocht, leanann trioblóid agus rírá é. Trí scéal faoin rógaire beag agus é ar an bhfeirm, ag iascaireacht agus ag spraoi sa sneachta. Cuirfidh eachtraí Ruairí páistí ag gáire agus d'fhéadfaidís a scéalta féin a chumadh faoi Ruairí freisin. Mura bhfuil na scéalta eile faoi Ruairí léite acu, d'fhéadfadh léitheoirí a shamhlú céard a dhéanfadh Ruairí dá mbeadh sé sa zú nó ar thuras scoile. **(3)**





**GABRIEL ROSENSTOCK maisithe ag ALAN NOLAN**

## NA BLEACHTAIRÍ: ZOMBAÍ

THE O'BRIEN PRESS 2014 (CLÚDACH CRUA) 48LCH ISBN 9781847173171

An bhfuil a leithéid de rud ann agus Zombaí? An bhfuil boladh bréan uathu? An bhfuil Zombaí i dteach Thomáisín? An uaidh siúd atá an boladh bréan ag teacht? Caithfidh Tomáisín agus a chairde dul i mbun bleachtaireachta chun an cás seo a réiteach. Bhainfeadh páistí spraoi as na ceisteanna agus na liostaí atá le léamh sa leabhar agus d'fhéadfadh páistí a gcuid fearas bleachtaireachta féin a chur le chéile. **(3)**




**MÁIRE ZEPF maisithe ag SHONA SHIRLEY MACDONALD**

## AN FÉILEACÁN AGUS AN RÍ

FUTA FATA 2020 (CLÚDACH CRUA) 48LCH ISBN 9781910945483

Seanscéal béaloidis grá é seo faoin lánúin Éadaoin (iníon taoisigh) agus Mír (mac rí). Tá an scéal seo á insint in Éirinn le breis is míle bliain. É curtha i láthair as an nua anseo agus níos mó cumhachta agus ceannasaíochta ag Éadaoin ar a saol féin ná mar a bhí sna seanleaganacha. Bheadh sé spéisiúil seanleagan a léamh agus comparáid a dhéanamh idir Éadaoin mar a bhíodh agus Éadaoin mar atá anseo. **(3)**





**ANNA HEUSSAFF**

## SÁRÚ

CLÓ IAR-CHONNACHT 2017 (CLÚDACH BOG) 135LCH ISBN 9781784441746

Is físchluiche nua é Sárú atá á imirt ag Evan agus a chara, Rio, cluiche ina gcaithfidh siad an domhan a thabhairt slán. Tá deirfiúr Evan buartha faoi bhagairtí an athraithe aeráide agus nuair a thugann stoirm thubaisteach go Baile an Chuain, tagann casadh mór sa scéal. Ábhar machnaimh agus ábhar plé faoin athrú aeráide agus faoi conas is féidir linn go léir an domhan a thabhairt slán. **(4)**





**PROINSIAS MAC A'BHAIRD maisithe ag CAOMHÁN Ó SCOLAÍ**

## OILEÁN NA nDRAOITHE

ÉABHLÓID 2017 (CLÚDACH BOG) 64LCH ISBN 9780995611917

Triúr naomh – nó triúr bligeard, b'fhéidir – ab ea Colm, Duach agus Beaglaoch. Iad i gcomórtas lena chéile chun na draoithe damanta, Tadhg, Brian agus Úna, a dhíbirt as Oileán na nDraoithe. Athinsint ar sheanscéal ó Árainn Mhór a chuala an t-údar óna sheanathair. D'fhéadfaí scéalta eile faoi Árainn Mhór a chuardach ar dúchas.ie. Foláireamh ón údar gan é a léamh má chuireann *wedgies* nó bromanna eagla ort! **(4)**




**AOIFE Ní DHUFAIGH**

## SÍSCÉALTA LIOS LURGAIN: AN tSIÓG MHALLAITHE

LEABHAR BREAC 2016 (CLÚDACH BOG) 48LCH ISBN 9781909907973

Scéal álainn faoin slua sí. Is sióg í Luisne atá ina cónaí faoi Lios Lurgain. Tá na sióga óga ar bís mar go bhfuil Lugh agus Eimhear le pósadh. Beidh an bhainis ar siúl faoin gcrann darach sa Domhan Thuas. Ach ní bhfuair gach duine cuireadh chuig an mbainis. Níl Macha, an tSióg Mhallaithe, róshásta agus tá sé i gceist aige díoltas a bhaint amach. D'fhéadfaí scéalta eile faoi na sióga a léamh ar dúchas.ie **(4)**





**ÁINE Ní GHLINN maisithe ag KIRSTEN SHIEL**

## BOSCADÁN

COIS LIFE 2019 (CLÚDACH BOG) 87LCH ISBN 9781912133710

Agus a tuismitheoirí ag útamáil le treoracha maidir le vardrús a chur le chéile, baineann Aoife úsáid as an mbosca mór chun róbó a dhéanamh – róbó a thagann chun beatha thar oíche. Os rud é go ndearnadh é as bosca ina raibh troscán agus treoracha tá *Boscadán* go maith chun rudaí a dheisiú. Ní bhíonn le cloisteáil ó mhaidin go hoíche ach casúr agus druilire. D'fhéadfadh daltaí a róbó féin a dhéanamh sa rang ealaíne. **(4)**





PEADAR Ó CUALÁIN

## AN GRUAGACH

LEABHAR BREAC 1999 (CLÚDACH BOG) 48LCH ISBN 9781909907553

Cé hé an Gruagach? Cé hé an fear mór dubh seo a thagann chun cónaí in Uimhir 2, Sráid an Gheata Bhig? Cé hí an bhean óg fhionn atá sa teach leis? Cé atá ag fuadach madraí sa cheantar? Cé leis an veain bheag ghorm a bhfuil siad le cloisteáil ag tafann inti? Cuireann Mártan óg spéis sna ceisteanna seo ar fad. Scéal spreagúil mistéireach atá lán le draíocht na hóige. **(4)**





GABRIEL ROSENSTOCK maisithe ag BRIAN FITZGERALD

## AN EALA ÓRGA

AN GÚM, FORAS NA GAEILGE 2019 (CLÚDACH BOG) 80LCH ISBN 9781857919493

Tugann na scéalta gearra seo ón India ar thuras geal i bhfad is i gcéin muid. Cloisimid faoi éan a raibh dhá mhuineál agus dhá chloigeann air agus faoi lampróg a fuair an lámh in uachtar ar an gcág a bhí chun é a ithe. Scéalta éagsúla iad seo a spreagfaidh páiste (nó rang) le dul i mbun taighde ar scéalta dúchasacha ó gach cearn den domhan, scéalta na hÉireann ina measc. **(4)**




ALAN TITLEY maisithe ag JOHN WHITE

## LÚBA

AN GÚM, FORAS NA GAEILGE 2020 (CLÚDACH BOG) 156LCH ISBN 9781857919608

Tá Lucy óg ag streachailt leis an saol, lena tuismitheoirí, lena deartháir, leis an scoil agus lena smaointe féin. Tá sí go mór in éad le Clúimhín, an cat. Ba bhreá léi a bheith ina cat. Bheadh saol i bhfad níos fearr aici. Nuair a fhaigheann sí an deis chun bheith ina cat, áfach, foghlaimíonn sí nach bhfuil saol Chlúimhín chomh héasca sin. Scéal spraíúil ach go leor le plé anseo faoi bheith sásta leis an saol atá agat. **(4)**




MÁIRE ZEPF maisithe ag OLIVIA GOLDEN

## TUBAISTE AR AN TITANIC

CLÓ MHAIGH EO 2012 (CLÚDACH BOG) 80LCH ISBN 9781899922895

Nuair a thagann Cormac agus Brídín ar sheaneochair a osclaíonn doras mistéireach i dteach Mhamó, sleamhnaíonn siad siar isteach sa stair, isteach sa Titanic. Buaileann siad le himirceach óg faoin deic. An mbeidh siad in ann an cailín seo, a deartháir agus a máthair a thabhairt slán ón longbhriseadh? Ábhar plé anseo faoin Titanic agus faoi imeachtaí stairiúla eile a bhféadfadh na páistí cuairt a thabhairt orthu. **(4)**




AN SEABHAC maisithe ag ANDREW WHITSON

## JIMÍN MHÁIRE THAIDHG

AN tSNÁTHAID MHÓR 2020 (CLÚDACH BOG) 232LCH ISBN 9781912929085

Seanscéal a thabharfaidh léargas do léitheoirí óga ar an saol a bhí ag daoine óga céad bliain ó shin. Rógaire ab ea Jimín, rógaire a bhíodh i gcónaí i dtrioblóid ar scoil agus sa bhaile. Scéal é seo don léitheoir cumasach nó scéal a d'fhéadfadh múinteoir a léamh os ard do na hardranganna. D'fhéadfaí iarraidh ar dhaltaí eolas a bhailiú faoin saol (baile agus scoile) a bhí ag a dtuismitheoirí nó a ngarthuismitheoirí. **(5)**




**ORNA Ní CHOILEÁIN maisithe ag OLIVIA GOLDEN**

## MORF

AN GÚM, FORAS NA GAEILGE 2016 (CLÚDACH BOG) 88LCH ISBN 9781857919219

Ba bhreá le Eric dá mbeadh cara dá chuid féin aige. Bíonn a thuismitheoirí i gcónaí gafa lena dheirfiúracha óga agus ní bhíonn siad in ann am a chaitheamh leis. Nuair a thiteann fear beag glas amach as pléascóg Nollag agus é ag iarraidh cabhrú le Eric, tagann athrú mór ar shaol Eric. Nílim róchinnte, áfach, an dtabharfá cabhair ar na rudaí a dhéanann Morf. Leabhar é a spreagfaidh comhrá faoi chairdeas. **(5)**




**MÁIRÍN Ní LAOITHE Uí SHÉ maisithe ag DÓMHNAL Ó BRIC**

## SIN IAD NA RUDAÍ

COISCÉIM 2005 (CLÚDACH BOG) 66LCH

Cnuasach de scéalta agus seanchas na tíre seo, dánta agus rannta, tomhais agus seanfhocail. Cloisimid anseo faoi chomharthaí na haimsire, faoi logainmneacha, faoi thraidisiúin a bhaineann le séasúir áirithe, chomh maith le laethanta agus féilte. Is leabhar é seo a d'fhéadfá a oscailt ar leathanach ar bith agus blúire beag eolais nua a fhoghlaim. B'fhéidir go mbeadh sé spéisiúil traidisiúin agus seanscéalta an cheantair a fhiosrú. **(5)**





**BRIAN Ó BROIN**

## EACHTRA AR OILEÁN NA RÚN

LEABHAR BREAC 2021 (CLÚDACH BOG) 136LCH ISBN 9781909907553

Tá ceann de sheoda móra na hÉireann goidte as an Ard-Mhúsaem agus tá cailís luachmhar goidte ó láthair sheandálaíochta ar oileán ar Loch Deirgeirt. Cén ceangal atá idir na heachtraí seo agus seanteach i mBaile Átha Cliath? Ní thuigeann aon duine an ceangal seachas beirt déagóirí óga, Mac Dara agus Ána. An bhfuil aon cheangal idir seo agus tuismitheoirí na beirte a bheith ar iarraidh? Mistéir iontach don léitheoir cumasach. **(5)**





**COLMÁN Ó RAGHALLAIGH maisithe ag THE CARTOON SALOON**

## AN TÁIN

CLÓ MHAIGH EO 2006 (CLÚDACH BOG) 44LCH ISBN 9781899922284

Úrscéal grafach ina ndéantar athinsint ar cheann de na seanscéalta is cáiliúla in Éirinn. Tagann éad ar an mbanríon, Méabh, nuair a theipeann uirthi a fear céile, Ailill, a shárú maidir le saibhreas. Tá an Fionnbheannach aige siúd, tarbh nach bhfuil a leithéid le fáil in Éirinn. An féidir an tarbh a ghoid? Léiríonn an leagan grafach seo tragóid agus uaisleacht an bhunscéil. B'fhiú seanscéalta eile a fhiosrú agus a léamh. **(5)**




**ÉAMONN Ó RUANAÍ maisithe ag KIERON BLACK**

## ANANSI AGUS SCÉALTA AN DOMHAIN

AN GÚM, FORAS NA GAEILGE 2017 (CLÚDACH BOG) 87LCH ISBN 9781857919295

Bíonn Anansi na n-ocht gcos i gcónaí i mbun cleasaíochta agus is nós leis bob a bhualadh ar na déithe. Is breá leis a bheith ag caint leis na hainmhithe eile agus is aoibhinn leis a bheith á n-ithe freisin! Tá an-spéis aige sa scéalaíocht agus tá cur síos anseo ar naoi gcinn d'éachtaí Anansi. Cnuasach an-spéisiúil a spreagfaidh spéis i miotaseolaíocht agus seanscéalta an domhain. **(5)**


COLORADO
Cluasa Capaill ar an Rí


An Bosca
Leabharlainne

the arts council
an chomhairle ealaíon
cistiú litríocht

Foras na Gaeilge

Laureate na nÓg

leabhair pháistí éireann
ag cothú léitheoirí